




# RANNÁN CULTÚIR 2019

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

# CULTURE DIVISION 2019

DONEGAL COUNTY COUNCIL

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

2019.
Dearadh ag Manna Design, www.mannadesign.net
Foilsithe ag Seirbhísí Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rós, Leitir Ceanainn, Chontae Dhún na nGall, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Aithníonn Seirbhísí Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall nach bhféadfaí na tionscniamh agus na cláir, ar a bhfuil cur síos déanta orthu san fhoilseachán seo, a chur i gcrích gan an tacaíocht fíorluachmhar a fhaightear óna bhfoireann, óna maoinitheoirí agus óna neagraíochtaí comhpháirtithe.

2019.
Design by Manna Design, www.mannadesign.net
Published by Donegal County Council Cultural Services
Rosemount Lane, Letterkenny, Co. Donegal, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Donegal County Council Cultural Services acknowledge the invaluable support of all its staff, funders, and partner organisations without whose assistance, the projects and programmes described in this publication would not have been possible.

# An Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 5 |
| Clár Éire Ildánach | 6 |
| Seirbhís Leabharlainne | 12 |
| Seirbhís Ealaíon | 27 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | 45 |
| Seirbhís Mhúsaeim | 52 |
| Seirbhís Cartlainne | 61 |
| Oifig Oidhreachta | 72 |
| Acrainmneacha | 84 |


# Contents


| | |
|---|---|
| Foreword | 5 |
| Creative Ireland Programme | 6 |
| Library Service | 12 |
| Arts Service | 27 |
| Regional Cultural Centre | 45 |
| Museum Service | 52 |
| Archives Service | 61 |
| Heritage Office | 72 |
| Acronyms | 84 |

Libraries
Leabharlanna




Regional Cultural Centre
Lárionad Cultúrtha Réigiúnach



Museum
Músaem



Heritage
Oidhreacht





Arts
Ealaíon



Public Art
Ealaín Phoiblí



Archives
Cartlann

074 91 53900
www.donegalcoco.ie/culture
www.donegallibrary.ie

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Réamhrá

Is é atá mar mhisean ag an Rannán Cultúir, mar a leagtar amach i *gCultúr : Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016 – 2020*, saibhriú a dhéanamh ar an saol, cur le braistint féiniúlachta, cur le deiseanna cultúrtha agus sóisialta agus oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do na glúine atá ann i láthair na huaire agus na glúine a bheidh ann amach anseo trí sheirbhísí Leabharlainne, Ealaíona, Músaeim, Cartlainne agus Oidhreachta a fhorbairt.

Aithnítear i gComhairle Chontae Dhún na nGall go gcruthaíonn an cultúr luach sochaíoch inbhraite, go gcuireann folláine chun cinn agus go gcuireann luach dearfach díreach agus indíreach geilleagrach ar fáil.

Is ionann an cultúr do Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus príomhréimse oibre agus táimid mórtasach as Rannóg tiomanta seanbhunaithe a bheith againn le cúrsaí a stiúradh agus a sheachadadh sa réimse seo.

Tá lúcháir orainn Athbhreithniú an Rannáin Cultúir don bhliain 2019 a thíolacadh ar léargas é ar raon leathan saibhir na ngníomhaíochtaí, na dtionscadal agus na gclár a cuireadh i gcrích i rith na bliana agus ar cuireadh cuid mhór acu ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí pobail agus le heagraíochtaí eile.

**Joe Peoples, Stiúrthóir**
**Eileen Burgess, Bainisteoir Rannóige**

# Foreword

The mission of the Culture Division, as set out in *Cultúr : a Strategic Vision for Cultural Services 2016 – 2020*, is to enrich life, enhance sense of identity, increase cultural and social opportunities and conserve cultural inheritance for present and future generations by developing Library, Arts, Museum, Archive and Heritage services.

Donegal County Council recognise that culture creates tangible societal value, promotes wellbeing and provides a positive direct and indirect economic value.

Culture is a key area of work for Donegal County Council and we are proud to have a longstanding dedicated Division to lead and deliver in this area.

We are delighted to present the 2019 Culture Division Review which is a snapshot of the wide and rich range of activities, projects and programmes, many delivered in partnership with community and other organisations, that took place throughout the year.

**Joe Peoples, Director**
**Eileen Burgess, Divisional Manager**

# Clár Éire Ildánach

## Forbairt an Lucht Rannpháirtíochta

Rinneadh suirbhé bunlíne forbartha lucht rannpháirtíochta Thuaidh-Thiar a sheoladh i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin mar chuid de chlár oibre Éire Ildánach 2019. Tá dhá ghné ag baint leis sin, suirbhé daonáirimh i measc 2400 aosach, a bhfuil 1,000 duine díobh lonnaithe i nDún na nGall, agus anailís ar shonraí maidir le ticéid a fuarthas ó eagraíochtaí agus ó ionaid. Déanfar anailís ar thorthaí an tsuirbhé sa bhliain 2020 agus, ina dhiaidh sin, ullmhófar clár píolótach. Is tionscnamh straitéiseach é seo agus bainfear úsáid as chun cinntí a threorú i dtaca le bearta a dhéanfar amach anseo.

# Creative Ireland Programme

## Audience Development

A North-West audience development baseline survey, in partnership with Derry City & Strabane District Council, formed a major part of the Creative Ireland 2019 work programme. There are two elements: a population survey of 2400 adults, 1000 of which are in Donegal, and ticket data analysis from organisations and venues. The results of the survey will be analysed in 2020, following which a pilot programme will be drawn up. This is a strategic initiative that will guide decisions on future direction.

*Paráid Choillearnaí de na nithe nádúrtha a dearadh ag an Cheardlann Ealaín sa Pháirc, Bun Crannacha. Rinneadh an t-imeacht seo de chuid Chruinniú na nÓg a mhaoiniú faoi Éire Ildánach.*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Woodland Parade of natural creations designed at the Art in the Park workshop, Buncrana. This Cruinniú na nÓg event was funded under Creative Ireland.*
Photograph: Paul McGuckin





## Scéim Deontais Cultúir agus Cruthaitheachta

Spreag an scéim deontais seo comhoibriú idir pobail agus speisialtóirí oidhreachta, ealaíontóirí, gairmithe cultúir agus/nó tionscail chruthaitheachta. Bronnadh ceithre dheontas déag chun tacú le raon leathan tionscadal lena n-áirítear taifeadadh seanchais, fótagraiméadracht déantán, tionscadal do scoileanna maidir le crosa arda agus ómós digiteach don cheannródaí ríomhaireachta Kay McNulty.

## Tionscnaimh Eile

Chomh maith leis sin, thacaigh Éire Ildánach le cuid mhór tionscnamh éagsúla eile i nDún na nGall, lena n-áirítear máistir-ranganna scannánaíochta do dhaoine óga, Scéim Dheisithe Ceann Tuí dar teideal *A Stitch in Time, cór 'Ceol le Chéile'*, Fáinní Thulach Dhónaill a thabhairt go Dún na nGall, agus scála agus gnéithe nua a chur le cláir le linn Wainfest, Sheachtain na hOidhreachta, Fhéile Bhá Dhún na nGall & na gCruach Gorm, agus Oíche Chultúir.

## Cruinniú na nÓg – gníomhú, déanamh, cruthú

Is é atá i *gCruinniú na nÓg* ná lá náisiúnta saorchruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga. I ndiaidh gairm oscailte agus i ndiaidh measúnú a dhéanamh, ar próiseas é a raibh baill de chuid Chomhairle na nÓg páirteach ann, roghnaíodh 31 imeacht a reáchtáladh i 21 ionad i mbailte agus i sráidbhailte ar fud Dhún na nGall. I measc na gceardlann a bhí ann áiríodh Big Top, Damhsa Afracach & Comhaimseartha, Safari Feamainne, Scríobh Amhrán, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Réaltacht Fhíorúil, Cultúr na Seapáine, Fuáil, agus An Ucailéile do Thosaitheoirí. Fuarthas aiseolas dearfach ó rannpháirtithe agus ó éascaitheoirí agus cuirfear moltaí a fuarthas san áireamh sna pleananna don bhliain 2020.



*Ócáid Phéinteáil de láimh chéadfach ag an Ionad Cultúir Réigiúnach, Leitir Ceanainn. Rinneadh an t-imeacht seo de chuid Chruinniú na nÓg a mhaoiniú faoi Éire Ildánach.*
Grianghraf: Paul McGuckin

*A sensory hand painting experience at the Regional Cultural Centre, Letterkenny. This Cruinniú na nÓg event was funded under Creative Ireland.*
Photograph: Paul McGuckin

## Culture and Creativity Grants Scheme

This grants scheme encouraged cooperation and collaboration between communities and heritage specialists, artists, culture professionals and/or creative industries. Fourteen grants were awarded to support a wide range of projects including seanachas recording, photogrammetry of artefacts, a high crosses schools project and a digital tribute to computer pioneer Kay McNulty.

## Other Initiatives

Creative Ireland supported many other varied initiatives in Donegal including, amongst others, Film masterclasses for young people, *A Stitch in Time Thatch Repair Scheme, Ceol le Chéile choir*, bringing the Tullydonnell Rings to Donegal, and adding scale and new elements to programmes during Wainfest, Heritage Week, Donegal Bay & Bluestacks Festival and Culture Night.

## Cruinniú na nÓg – doing, making, creating

*Cruinniú na nÓg* is a national day of free creativity for children and young people. Following an open call, and evaluation, which included members of the Youth Council, 31 events were selected which took place in 21 locations in 12 towns and villages across Donegal. Workshops included Big Top, Afro & Contemporary Dance, Seaweed Safari, Songwriting, Creative writing, Virtual Reality, Japanese Culture, Sewing, and Beginners Ukelele. Feedback from participants and facilitators was positive and recommendations will be factored into plans for 2020.



*Máistir ag an obair, fidléir áitiúil*
*(Tionscadal de chuid Mhúsaem Naomh Conal)*
Grianghraf: Richard Wayman

*A Master at Work – A local Fiddle Player*
*(St Conal's Museum Project)*
Photograph: Richard Wayman

## Conair Chultúir

D'éirigh le hiarratas na Comhairle chuig Foras Ailtireachta na hÉireann maidir lena chlár dar teideal *Reimagine* ..., ar iarratas é a bhain le Conair Chultúir a chruthú i Leitir Ceanainn d'fhonn nasc a bhunú idir Músaem an Chontae, an tIonad Cultúir Réigiúnach agus Amharclann an Ghrianáin. Cuirfear Céim II i gcrích sa bhliain 2020. Faigheann *Reimagine*... maoiniúchán ó Éire Ildánach faoin Chiste Náisiúnta Cruthaitheachta.

## Cuairt Staidéir

Chuaigh meitheal áitiúil Éire Ildánach ar chuairt staidéir go Baile Átha Cliath ar lena linn a tugadh cuairt ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI), ar Mhúsaem Beag Bhaile Átha Cliath agus ar Mhúsaem Imirce na hÉireann (EPIC)

## Cláir eile de chuid Éire Ildánach

Faigheann Dún na nGall tairbhe ó chláir eile de chuid Éire Ildánach fosta, lena n-áirítear na tionscnaimh ar a dtugtar Scoileanna Cruthaitheacha agus an Óige Chruthaitheach a nglacann cuid mhór páistí as an áit agus daoine óga as an áit páirt iontu agus, chomh maith leis sin, an scéim dar teideal *Ealaíontóir Cónaithe Aoise & Deise i Suíomh Cúraim* agus a fhaigheann tacaíocht ón Chiste Náisiúnta Cruthaitheachta, ar scéim í ar éirigh le hOspidéal Pobail na gCealla Beaga páirt a ghlacadh inti.

Is tionscnamh cultúr-bhunaithe uile-rialtais cúig bliana é Éire Ildánach agus seoltar é faoi chúram na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.
Tá faisnéis faoi thionscnaimh Éire Ildánach ar fáil ar líne ag https://www.creativeireland.gov.ie/.




*Páistí ag fiosrú oidhreacht nádúrtha an phointe is faide ó thuaidh in Éirinn ar an Safarí Feamainne. Rinneadh an t-imeacht seo de chuid Chruinniú na nÓg a mhaoiniú faoi Éire Ildánach.*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Children exploring the natural heritage of Ireland's most northerly point on the Seaweed Safari. This Cruinniú na nÓg event was funded under Creative Ireland.*
Photograph: Paul McGuckin

## Cultural Corridor

The Council was successful in its application to the Irish Architecture Foundation's *Reimagine*... programme to create a Cultural Corridor in Letterkenny linking the County Museum, the Regional Cultural Centre and An Grianán Theatre. Phase II will take place in 2020. *Reimagine* ... is funded by Creative Ireland under the National Creativity Fund.

## Study Visit

The local Creative Ireland team undertook a study visit in Dublin which included the new Museum of Literature Ireland (MoLI), the Little Museum of Dublin, and the EPIC Irish Emigration Museum.

## Other Creative Ireland programmes

Other Creative Ireland programmes also bring benefits to Donegal, including the *Creative Schools and other Creative Youth initiatives* that reach many local children and young people, as well as the National Creativity Fund supported Age & Opportunity Artist in Residence in a Care Setting scheme in which Killybegs Community Hospital was successful.

Creative Ireland is a five-year all-of-government, culture-based initiative under the aegis of the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht. Information on all Creative Ireland initiatives is available online at https://www.creativeireland.gov.ie/.



*Máistir-Rang do dhaoine óga - Oiliúnaithe Lá 1, Tithe Beaga an Mhámа Mhóir (Tionscadal Cinematic)*
Grianghraf: Brendan Diver

*Master Class for young people - Day 1 trainees, Mamore Cottages(Cinemagic Project)*
Photograph: Brendan Diver

# Seirbhís Leabharlainne

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall rochtain ar fáil ar líonra náisiúnta ina bhfuil os cionn 333 leabharlann agus os cionn 15 mhilliún ítim stoic agus, chomh maith leis sin, ina bhfuil bailiúchán náisiúnta r-Leabhar agus r-Chlosleabhar, nuachtán, irisí, ábhar tagartha, agus cúrsaí teanga agus foghlama. Maidir leis an ghréasán sin i nDún na nGall, áiríonn sé 13 leabharlann - 8 leabharlann phobail agus 4 leabharlann bhrainse - agus is í an Phríomh-Leabharlann, atá suite i Leitir Ceanainn, croílár na seirbhíse. Forlíonann ocht bpointe for-rochtana pobail 'Taobh Tíre' agus Leabharlann Taistil Trasteorann an líonra. I rith na bliana 2019, tugadh 307,550 chuairt ar Leabharlanna Dhún na nGall, agus fuarthas 307,550 ítim ar iasacht, is é sin le rá, i mbrainsí nó ar líne.

# Library Service

Donegal Library Service provides access to a national network of over 333 libraries and over 15 million items of stock as well as a national collection of eBooks and eAudiobooks, online newspapers, magazines, reference material, language and learning courses. The network in Donegal includes 13 libraries - 8 community libraries and 4 branch libraries, with Central Library in Letterkenny at its core. Eight Taobh Tíre community outreach points and a Cross Border Mobile Library supplement the network. During 2019, there were 379,550 visitors to Donegal Libraries, with 307,550 items borrowed in branch or online.




*Seoladh leagan 2 de Babbling Babies i Leabharlann Nascbhaile i nDeireadh Fómhair 2019*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Launch of Babbling Babies version 2 in Twin Towns Library on October 2019*
Photograph: Paul McGuckin


wainfest
Children's Arts & Book Festival
At a venue near you this
October
www.wainfest.ie
#Wainfe
DÚN NA NGALL
DONEGAL
Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council
donegalcoco.ie
@donegalcouncil
BABBLING BABIES

## Deireadh a chur le fíneálacha

Bhí lúcháir ar an tSeirbhís Leabharlainne a fhógairt gurbh amhlaidh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2019, nach mbeadh ar bhaill na leabharlann fíneálacha a íoc a thuilleadh i leith ítimí thar téarma agus nach mbeadh aon fhíneálacha a bhí iníoctha á mbailiú. Ó tharla go raibh deireadh le fíneálacha tugadh spreagadh do gach duine den phobal Rún Athbhliana a dhéanamh clárú nó athchlárú lena leabharlann áitiúil. Tá deireadh a chur le fíneálacha leabharlainne i measc na ngníomhartha atá ann sa straitéis náisiúnta dar teideal *Ár Leabharlanna Poiblí 2022 - Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú.*

## Removal of fines

The Library Service was delighted to announce that, from 1st January 2019, library members no longer had to pay fines on overdue items, and no existing fines were being collected. With fines abolished, all members of the community were encouraged to make a New Year's Resolution to connect or reconnect with their local library. The removal of library fines for library users is one of the actions in the national strategy *Our Public Libraries 2022 – Inspiring, Connecting and Empowering Communities.*

## Féile na Bealtaine maidir le Cruthaitheacht i measc Daoine Scothaosta

Tá Féile na Bealtaine, a reáchtáiltear i mí na Bealtaine gach bliain, tar éis teacht chun bheith ar an chomhfhéile ealaíon is mó dá bhfuil ann in Éirinn. Bhí 95 imeacht ann i mbliana in áiteanna ar fud an chontae. Ba é ba théama do Bhealtaine 2019 na 'Fáilte Isteach' agus bhí raon ilchineálach taibhiúchán, coimisiún, cónaitheachtaí agus tionscadal san áireamh sa chlár. I measc bhuaicphointí na féile áiríodh seisiún Teiripe IMAGE in éineacht le McElhinney's Department Store, Patrick Gildea Hairdressing agus Sculpt Make Up Studio. Chomh maith leis sin, bhain rannpháirtithe in imeachtaí Bhealtaine sult as cuairteanna chuig an Dún Riabhach agus chuig Caisleán Ghleann Bheatha. Chuaigh ealaíontóir cáiliúil Dhún na nGall, Ann Quinn, i mbun cónaitheacht sé seachtaine in Ionad Cúraim Lae Chumann Tithíochta Habinteg i Leifear. Is é an ceiliúradh uathúil sin i measc na nglúnta ar fad a fhágann gur féile speisialta í gach bliain.

## Bealtaine Festival of Creativity in Older Age

Bealtaine, held each May, has grown into Ireland's largest co-operative arts festival. This year there were 95 events in many venues all over the county. The theme of Bealtaine 2019 was 'Be our Guest' and the programme included a diverse range of performances, commissions, residencies and projects. Festival highlights included an Image Therapy session with McElhinney's Department Store, Patrick Gildea Hairdressing and Sculpt Make Up Studio. Bealtaine participants also enjoyed visits to Fort Dunree and Glenveagh Castle. Renowned Donegal artist Ann Quinn undertook a six-week residency in the Day Care Centre in Habinteg Housing Association, Lifford. It is this unique celebration across generations that make the festival special each year.




*Ag baint sult as cuairt ar Dhún Riabhach le linn Fhéile na Bealtaine*
Grianghraf: Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall

*Enjoying a visit to Fort Dunree during the Bealtaine Festival*
Photograph: Donegal Library Service

## Gradaim Aitheantais do Leabharlanna Aoisbháúla

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring, tús oifigiúil le Clár na *nGradam Aitheantais do Leabharlanna Aoisbháúla* i Leabharlann Shráid Chaoimhín i mBaile Átha Cliath. Bhronn an tAire Ring a Cairt Aoisbhá don Phríomh-Leabharlann agus do Leabharlann na Rosann ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá gnéithe aoisbháúla curtha san áireamh ina seirbhísí ag an dá leabharlann sin e.g. líon níos mó suíochán aoisbháúla a chur ar fáil. Sa Chairt Leabharlainne Aoisbháúla, leagtar amach tiomantas na leabharlainne i leith an *Chláir Náisiúnta Aoisbhá*.

## Age Friendly Library Recognition Awards

In October, the Minister for the Department of Rural and Community Development, Michael Ring, officially launched the *National Age Friendly Libraries Recognition Programme* in Kevin Street Library, Dublin. Minister Ring presented Donegal County Council with its Age Friendly Charter for Central Library and Leabharlann Phobail Na Rosann. Both libraries have put in place various age-friendly elements to the service e.g. provision of more age-friendly seating. The Age Friendly Library Charter outlines each library's commitment to the *National Age Friendly Programme*.






## Maoiniúchán Cuntas Díomhaoin

I rith na bliana 2019, d'éirigh le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall cúnamh deontais 75% a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste na gCuntas Díomhaoin) chun tacú le bearta atá leagtha amach in *Ár Leabharlanna Poiblí 2022.*

Chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall maoiniúchán meaitseála 25% ar fáil. Is iad seo a leanas na ceithre thionscadal a roghnaíodh, a ceadaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm do Dhún na nGall:

1. Físeáin bheoite chun acmhainní ar líne a chur chun cinn
2. Clár maidir le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
3. Clár Uilechuimsitheachta d'úsáideoirí lagamhairc
4. Paca Fáiltithe Leabharlainne Ilteangach

Ba é ab aidhm do gach tionscadal ar leith ná an caidreamh láithreach le gníomhaireachtaí agus le grúpaí áitiúla, agus forbairt a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí agus ar ghrúpaí nua, d'fhonn rannpháirtíocht níos mó ag pobail imeallaithe atá faoi bhuntáiste a bhfuil sé deacair teacht orthu a éascú agus deiseanna a thabhairt do gach úsáideoir chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí sheirbhísí a chur ar fáil a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus le comhpháirtithe áitiúla.

## Dormant Accounts Funding

During 2019, Donegal Library Service was successful in getting 75% grant assistance approved from the Department of Rural and Community Development (Dormant Accounts Fund) to support measures set out in *Our Public Libraries 2022.*

Donegal County Council provided 25% match-funding. The four projects selected, approved and implemented for Donegal were:

1. Animated Videos to promote online resources
2. Autism Spectrum Disorder friendly programme
3. Inclusion Programme for Visually Impaired users
4. Multi-lingual Library Welcome Pack

Each project aimed to: build on existing and develop new relationships with local agencies and groups to facilitate greater engagement with hard-to-reach, marginalised and disadvantaged communities; and provide opportunities for all users to engage in lifelong learning through the delivery of services developed in collaboration with national and local partners.

*An tAire Michael Ring ag bronnadh Cairt Aoibhá don Phríomhleabharlann ar an Leabharlannaí Rita Chapman*
Grianghraf: Stedman Photography

*Minister Michael Ring presenting Librarian Rita Chapman with the Age Friendly Charter for Central Library*
Photograph: Stedman Photography

*Ag baint triail as an 'bhord draíochta' nua.*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Trying out the new 'magic table'*
Photograph: Paul McGuckin

## Lainseáil Fhíseáin 'How to' chun seirbhísí leabharlainne ar líne a chur chun cinn

Choimisiúnaigh an tSeirbhís Leabharlainne sraith físeán gearr beoite teagaisc ina dtaispeántar an dóigh le teacht ar acmhainní leabharlainne ar líne lena n-áirítear r-Leabhair, r-Chlosleabhair, r-Irisí agus r-Nuachtáin. Tá na hacmhainní ar líne sin, gan trácht ar chinn eile, ar fáil saor in aisce 24/7 do bhaill na leabharlainne. Lainseáladh na físeáin sin go hoifigiúil i mí na Nollag agus is é is aidhm dóibh ná dul i dteagmháil i bpobail i nDún na nGall chun úsáid seirbhísí leabharlainne ar líne a chur chun cinn trí léiriú a thabhairt i dtaobh an dóigh le haipeanna gaolmhara a íoslódáil agus an dóigh le hítimí a fháil ar iasacht ar líne.

## Lainseáil Seirbhíse Nua dar teideal 'Tábla Draíochta'

Is i mí na Bealtaine a lainseáladh an tseirbhís nua dar teideal Tovertafel sa Phríomh-Leabharlann i Leitir Ceanainn agus i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. Is é atá in Tovertafel, nó Tábla Draíochta, ná nuáil dhuaisbhuaiteach de thionscnamh na hÍsiltíre a bhfuil cáil uirthi maidir lena cur chuige ceannródaíochta i leith cúraim. Cuimsíonn an teicneolaíocht teilgeoir idirghníomhach solais do dhaoine ar a bhfuil néaltrú agus do dhaoine a bhfuil míchumais foghlama acu. Ceapadh é chun gníomhaíocht de chineál fisiciúil, sóisialta agus cognaíoch a spreagadh. Is é atá i gceist leis na cluichí ná sraith beochaintí idirghníomhacha solais a theilgtear ar aon tábla chun an intinn a spreagadh agus chun inspioráid a thabhairt do dhaoine a bhfuil neamhoird chognaíocha orthu chun bheith gníomhach. Ceapadh na cluichí chun spreagadh a thabhairt do dhaoine i leith rannpháirtíocht instinneach rud a chothóidh taitneamh agus a chruthóidh ócáidí a mhairfidh i gcuimhne daoine muinteartha agus cúramóirí. Baineann na cluichí uilig le taitneamh agus le hiontas.

## Launch of 'How to' Videos promoting library online services

The Library Service commissioned a series of short animated instructional videos demonstrating how to access library online resources including eBooks, eAudiobooks, eMagazines and eNewspapers. These online resources, amongst others, are all free and available 24/7 for library members. The videos, which were officially launched in December, aim to reach out to communities in Donegal to promote the use of online library services by demonstrating how to download related apps and borrow items online.

## New 'Magic Table' Service Launched

The new Tovertafel service in Central Library, Letterkenny and Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair was launched in May. The Tovertafel, or Magic Table, is an award winning innovation from The Netherlands, which is renowned for its cutting edge approach to care. The technology is an interactive light projector for those living with dementia and those with learning disabilities. It has been designed to stimulate physical, social and cognitive activity. The games consist of a series of interactive light animations which are projected on any table to motivate the mind, and to inspire those living with cognitive challenges to be active. The games are engineered to encourage instinctive participation, inviting enjoyment and creating treasured moments with family members and carers. The games are all about enjoyment and wonder.




*Seoladh fhíseáin bheoite 'How To', Nollaig 2019*
Grianghraf: Clive Wasson

*Launch of animated 'How To' videos, December 2019*
Photograph: Clive Wasson




*An saineolaí cothúcháin Niamh Britton ag caint ag imeacht Éire Shláintiúil i Leabharlann Phobail Bhun Cranncha*
Grianghraf: Donegal Library Service

*Nutritionist Niamh Britton talking at a Healthy Ireland event in Buncrana Community Library*
Photograph: Donegal Library Service

## Ionad Faisnéise Europe Direct

Is é is cuspóir d'Ionad Faisnéise Europe Direct atá lonnaithe sa Phríomh-Leabharlann i Leitir Ceanainn, agus don ionad satailíte i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, ná teacht éasca ar fhaisnéis faoin Aontas Eorpach a chur chun cinn agus plé, díospóireacht agus aiseolas a spreagadh ar leibhéal an phobail trí fhaisnéis, imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil. Tá an tIonad dírithe ar shuíomh geografach Dhún na nGall agus ar na ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre.

Sa bhliain 2019, bhí os cionn 8,300 teagmháil ag an ionad ó Shaoránaigh AE as Dún na nGall maidir le hábhair amhail talmhaíocht agus cearta oibrithe. Ba bhliain toghcháin í fosta i dtaca le Parlaimint na hEorpa de agus d'eagraigh an t-ionad imeachtaí feasachta vótálaithe do mhic léinn Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus, chomh maith leis sin, eagraíodh imeachtaí a bhain le deiseanna staidéir, oibre deonaí agus fostaíochta san Aontas Eorpach. D'óstáil an t-ionad imeacht idirphlé saoránach fosta maidir leis na sé thosaíocht pholaitiúla atá ag Coimisiún nua an Aontais Eorpaigh.

## Europe Direct Information Centre

The objective of the Europe Direct Information Centre based in Central Library, Letterkenny and satellite centre in Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, is to promote easy access to information about the EU, and to stimulate discussion, debate and feedback at a grassroots level through information provision, events and activities. The centre focuses on the geographical location of Donegal and the Gaeltacht areas nationally.
In 2019, the centre had over 8,300 personal contacts with EU Citizens from Donegal on topics ranging from agriculture to workers rights. It was also an election year for the European Parliament and the centre organised voter awareness events for students in the LYIT, as well as events on opportunities for studying, volunteering and working in the EU. The centre also hosted a citizen's dialogue event on the six political priorities of the new EU Commission.

## Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Tá *Éire Shláintiúil ag do Leabharlann* ina chuid de thionscnamh náisiúnta lena soláthraítear raon acmhainní, seirbhísí agus tacaíochtaí chun feasacht ar chúrsaí sláinte a chur chun cinn. Leanadh de '*Éire Shláintiúil ag do Leabharlann*' a chur i bhfeidhm i nDún na nGall sa bhliain 2019 agus reáchtáladh 23 imeacht a bhain le réimsí na meabhairshláinte, na gníomhaíochta fisiciúla agus an bhia shláintiúil. I measc na n-imeachtaí ar éirigh leo áiríodh caint dar teideal *Bully Proof Kids* a thug an tOllamh Stella O'Malley agus caint a thug an Dr Mary O'Kane maidir le déileáil le hábhair imní i measc páistí. Reáchtáladh ceardlanna fosta maidir le Feasacht ar Néaltrú, Cothú agus Bainistíocht Struis.

## Healthy Ireland at your Library

'*Healthy Ireland at your Library*' is part of a national initiative providing a range of resources, services, and supports that promote health awareness. The implementation of '*Healthy Ireland at your Library*' continued in Donegal in 2019 with 23 events in the areas of mental health, physical activity and healthy eating. Successful events included talks by Professor Stella O'Malley on *Bully Proof Kids*, and Dr Mary O'Kane on dealing with childhood anxieties. Workshops were also held on Dementia Awareness, Nutrition and Stress Management.

## Work Matters ag do Leabharlann

Tá '*Work Matters ag do Leabharlann*' ina chlár náisiúnta leabharlainne a bhfuil sé mar chuspóir aige tacú le fostaíocht agus le fiontraíocht sa phobal áitiúil trí rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis agus ar acmhainní ardchaighdeáin. Tá an tseirbhís dírithe ar chuardaitheoirí poist agus ar fhiontraithe óga ag céim luath dá bhforbairt ghnó. Tá cúig shuíomh leabharlainne ann sa chontae ina bhfuil deasc shealaíochta ag ar féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar IT agus ar shaoráidí priontála agus, chomh maith leis sin, tá teacht ar raon fairsing leabhar iomchuí agus acmhainní ar líne. Sa bhliain 2019, ghlac an tseirbhís Work Matters i Leitir Ceanainn páirt i Seachtain Fiontraíochta Áitiúil agus d'óstáil sí ceardlann maidir le *Branding Basics for Small Business & Startups*, agus chuidigh siad le níos mó ná 170 duine chun go mbeadh teacht acu ar oiliúint, ar thairseacha fostaíochta agus ar fhaisnéis ghnó agus ar acmhainní taighde.

## Work Matters at your Library

'*Work Matters at your Library*' is a national library programme with the objective to support employment and entrepreneurship in the local community by providing access to high quality information and resources. The service targets job seekers and young entrepreneurs at an early stage of their business development. There are five library locations across the county that have a dedicated hot desk where patrons can access IT and printing facilities as well as an extensive range of relevant books and online resources. In 2019, the Work Matters service in Letterkenny took part in Local Enterprise Week and hosted a workshop on *Branding Basics for Small Business & Startups*, and helped over 170 people access training, jobs portals and business information and research resources.

## Ceart Chun Léitheoireachta

I gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, ullmhaíonn agus comhordaíonn Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall Plean Gníomhaíochta bliantúil áitiúil dar teideal *Ceart chun Léitheoireachta* agus oibríonn siad in éineacht leis na comhpháirtithe sin ar mhaithe leis an phlean sin a chur i gcrích.

I measc bhuaicphointí na bliana 2019 áiríodh *Spring into Storytime* i rith mhí Aibreáin, clár léitheoireachta *Réaltaí an tSamhraidh* i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa agus lainseáil leagan 2 de *Babbling Babies: multi-lingual nursery rhyme* and action song book i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáladh tionscadail eile in éineacht le comhpháirtithe líonra lena n-áirítear *Bookworm Babies, Word Monsters agus Creating Lifelong Readers* agus, chomh maith leis sin, cláir in éineacht le scoileanna áitiúla, amhail *Battle of the Books*. Tá comhpháirtíochtaí thar a bheith tábhachtach maidir le cur i bhfeidhm gach gné de chlár *Ceart chun Léitheoireachta* Dhún na nGall. Tá sé mar aidhm ag gach clár agus ag gach tionscadal atá sa Phlean Gníomhaíochta spreagadh a thabhairt i leith nósanna léitheoireachta agus grá don léitheoireacht a chothú. Tá roinnt buaicphointí breise liostaithe anseo.

## Right to Read

Donegal Library Service, with partner organisations, draws up and coordinates an annual local *Right to Read* Action Plan and works with those partners towards its implementation.

Highlights during 2019 have included *Spring into Storytime* sessions during April, the *Summer Stars* reading programme during July and August, and the launch of version 2 of *Babbling Babies: multi-lingual nursery rhyme* and action song book in October. Additional projects with network partners include *Bookworm Babies, Word Monsters and Creating Lifelong Readers*, as well as programmes with local schools such as *Battle of the Books*. Partnerships are critical to implementing all elements of the *Donegal Right to Read* programme. All programmes and projects included in the Action Plan aim to encourage reading habits and to foster a love of reading. Some additional highlights are listed overleaf.

## Wainfest - Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí

*Bhí Wainfest - Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí* ar siúl ón 5 Deireadh Fómhair go dtí an 13 Deireadh Fómhair agus tarraingíodh lucht rannpháirtíochta os cionn 11,400 duine chuici. Sa bhliain 2019, ba é téama na féile 'Ag Súil le Nascadh' agus bhain sé le forbairt leabharlann mar ionaid foghlama digití. Chomh maith leis sin, cuireann an fhéile deiseanna ar fáil do pháistí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí nascadh a dhéanamh le léitheoireacht, le cultúr agus leis na healaíona.

Fuair an tSeirbhís Leabharlainne maoiniúchán ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail trí Chiste na gCuntas Díomhaoin chun forbairt a dhéanamh ar chlár áisiúil imeachtaí maidir le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a fhorbairt le linn fhéile Wainfest. Mar thoradh air sin bhíothas in ann imeachtaí saincheaptha ASD, amhail ceardlanna Lego agus taibhiúcháin amharclainne gan strus a eagrú.

## Wainfest Children's Arts and Book Festival

*Wainfest Children's Arts and Book Festival* ran from 5th - 13th October and attracted an audience of over 11,400. The festival theme for 2019 was 'Expect to Connect' and related to the development of libraries as digital learning centres. The festival provides opportunities for children, teachers and parents to connect with reading, culture, the arts and heritage.

The Library Service received funding from the Department of Rural and Community Development, through the Dormant Accounts Fund, to develop an Autism Spectrum Disorder (ASD) friendly programme of events during Wainfest. This allowed for ASD-tailored events like Yoga, Lego workshops and relaxed theatre performances.



*Ag breith ar bholgáin ag imeacht Coochie Coo le linn Wainfest 2019*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Catching bubbles at the Coochie Coo event during Wainfest 2019*
Photograph: Paul McGuckin

## Read DL

Chuir coiste *Read DL* 2019 comheachtra léitheoireachta ar fáil do Dhún na nGall ón 28 Feabhra go dtí an 11 Aibreán. Ba é ba chuspóir do Read DL ná an oiread daoine agus ab fhéidir a chur ag léamh leabhair le húdar ar leith ag an am céanna agus, ar an dóigh sin, meon pobail a bhunú agus, ag an céanna, litearthacht agus aoibhneas na léitheoireachta a chur chun cinn. Sa bhliain 2019, roghnaíodh leabhar dar teideal *Mr Stink* leis an údar David Walliams; is scéal croíúil greannmhar é sin agus é lán de ghrá, de bheocht agus de rúin iontacha.

Bhí daoine aonair, teaghlaigh, grúpaí agus scoileanna in ann clárú trí chuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin www.readdonegal.com, agus coinníodh cothrom le dáta iad trí chainéil mheán sóisialta. Seo a leanas na gníomhaireachtaí a bhí páirteach sa tionscadal: Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Parentstop, An Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP), Teagmháil Bhaile, Scoile agus Phobail (HSCL), Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT), agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Ghlac 56 scoil, 13 scoil iar-bhunoideachais agus 5 ionad Cumasóige páirt in Read DL 2019.



## Forbairt náisiúnta an leabhráin 'Comhráite Sláintiúla'

I rith na bliana 2019, d'oibrigh an tSeirbhís in éineacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus leis an Aonad Forbartha Leabharlainne maidir le hathbhreithniú agus forbairt an *Sammy the Caterpillar Guide* agus leis an liosta leabhar gaolmhar mar ullmhúchán le haghaidh forbairt náisiúnta mar chuid den chlár '*Éire Shláintiúil ag do Leabharlann*'.

Ba iad Seirbhís Óige Dhún na nGall agus an tSeirbhís Leabharlainne a d'fhorbair an *Sammy Guide*, le tacaíocht ó lucht Chur Chun Cinn agus Feabhsaithe Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus lainseáladh é i nDún na nGall i rith na bliana 2018. Ba é ab aidhm don tionscadal ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí i leith comhráite dearfacha a bheith acu lena bpáistí maidir lena gcoirp, maidir lena ngnéasacht agus maidir lena gcaidrimh trí raon leabhar aois-oiriúnach a chur ar fáil tríd an Líonra Leabharlainne.





*Imeacht Lego beo le linn Wainfest*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Animated Lego event during Wainfest*
Photograph: Paul McGuckin

*An gruagaire Patrick Gildea agus mainicín ag imeacht Image Therapy ag Féile na Bealtaine*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Hairdresser Patrick Gildea with model at Bealtaine Image Therapy event*
Photograph: Paul McGuckin

## Read DL

The *Read DL* 2019 committee brought Donegal a collective reading adventure from 28th February - 11th April. The objective of Read DL was to get as many people reading a book from a particular author at the same time, therefore building a sense of community while also promoting literacy and the joy of reading. The book chosen for 2019 was *Mr Stink* by author David Walliams; a heart warming and funny tale filled with love, life and surprising secrets.

Individuals, families, groups and schools could register by visiting the website www.readdonegal.com, and were kept up to date through social media channels. Partaking agencies were: Donegal ETB, HSE, Parentstop, School Completion Programme (SCP), Home School Community Liaison (HSCL), LYIT, and Donegal County Council Library Service. 56 schools, 13 post-primary schools and 5 Youthreach centres participated in Read DL 2019.

## National roll out of Healthy Conversations booklet

During 2019, the Library Service worked with the HSE, Donegal Youth Service and the Libraries Development Unit on reviewing and developing the *Sammy the Caterpillar* Guide and related book list in preparation for a national roll-out as part of the *Healthy Ireland at your Library* programme.

The *Sammy Guide* was developed by Donegal Youth Service and the Library Service, supported by the HSE Health Promotion and Improvement, and launched in Donegal during 2018. The project aimed to encourage and support parents and guardians to have healthy conversations with their children about their bodies, sexuality and relationships by providing a range of age-appropriate books through the library network.





# Seirbhís Ealaíon

Tugann an tSeirbhís Leabharlainne tús áite d'fheabhsú leanúnach na rochtana ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha sa phobal ina iomláine agus na tacaíochta d'ealaíontóirí cruthaitheacha maidir lena saothar agus tugann siad tús áite do rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin.

# Arts Service

The Arts Service prioritises the continuous improvement of access to, and participation in, creative activities among all members of the public, and the support of creative artists in their work.

*A Space Beyond The Rainbow – suiteán le healaíontóirí SpaceScape ag Gairdín an Ghorta, Leitir Ceannain mar chuid den Oíche Chultúir*
Grianghraf: Paul McGuckin

*A Space Beyond The Rainbow – an installation by SpaceScape artists at The Famine Garden, Letterkenny as part of Culture Night*
Photograph: Paul McGuckin



## Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Bhí 19ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm, a seoladh sa tréimhse ón 26 Meán Fómhair go dtí an 6 Deireadh Fómhair, ar siúl i gcomhthráth le féile tionscnaimh dhiaspóra Nasc Dhún na nGall.

I measc na mbuaicphointí áiríodh filleadh chlár íocónach RTÉ Raidió 1 *Sunday Miscellany*, chuig Ionad Ealaíon na Mainistreach. Taifeadadh dhá chlár os comhair lucht féachana beo a bhain sult as léitheoireachtaí agus as taibhiúcháin ag Olive Travers, Brian Leyden, Denise Blake, Conor agus Michael Murray agus Sarah E. Cullen.

I measc na mbuaicphointí eile áiríodh Aifreann álainn corraitheach Nelson a chuir *Donegal Voices* i láthair in Eaglais N. Pádraig i mBéal Átha Seanaidh agus in Eaglais Mhuire i Srath an Urláir, mar aon le tráthnóna iontach ceoil, amhránaíochta agus scéalaíochta i Halla an Pharóiste, i gCill Charthaigh, a raibh Tara Connaghan, Ellie Ní Fhionnghaile, Eithne Nic Ghallchobhair, Mick Brown agus Steve Cooney páirteach ann.

## Donegal Bay and Blue Stacks Festival

The 19th Donegal Bay and Blue Stacks Festival, which took place 26th September – 6th October, coincided with the inaugural Donegal Connect diaspora festival.

Highlights included the return of RTÉ Radio 1's iconic *Sunday Miscellany* to the Abbey Arts Centre. Two programmes were recorded with a live audience who enjoyed readings and performances by Olive Travers, Brian Leyden, Denise Blake, Conor and Michael Murray and Sarah E. Cullen.

Other highlights included *Donegal Voices*' beautifully evocative Nelson Mass at St. Patrick's Church, Ballyshannon and St. Mary's Church, Stranorlar and a wonderful evening of music, song and storytelling at Halla an Pharóiste, Chill Chartha with Tara Connaghan, Ellie Ní Fhionnghaile, Eithne Nic Ghallchobhair, Mick Brown and Steve Cooney.

*Ag réiteach don Pharáid Carnabhail Ag Teacht Abhaile i mBéal Átha Seanaidh i nDeireadh Fómhair, cuid d'Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm*
Grianghraf: Catriona Bonner

*Making up for the Coming Home Carnival Parade in Ballyshannon in October, part of the Donegal Bay and Blue Stacks Festival*
Photograph: Catriona Bonner

## Tionscadal Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh

Ba é buaicphointe an fhéilire cultúir i mBéal Átha Seanaidh agus i nDeisceart Dhún na nGall '*Coming Home/Ag Teacht Abhaile*' ar lena linn a tháinig os cionn 300 taibheoir i ngach aoisghrúpa amach ar na sráideanna chun téama Charnabhal Dhiaspóra Dhún na nGall a cheiliúradh.

Ba é *Dark Daughter Productions* a chomhordaigh an carnabhal sin agus bhí complacht amharclainne tírdhreacha LUXe, atá lonnaithe in Inis Eoghain, agus Workshouse Arts, Sligeach páirteach ann, agus tarraingíodh aird lena linn ar shaothar an ealaíontóra fuaimdhreacha Keith Mannion (aka Slow Place Like Home) as Béal Átha Seanaidh. Bhí rannpháirtithe pobail as Baile Dhún na nGall, as Bun Dobhráin, as Béal Átha Seanaidh agus as na ceantair máguaird páirteach sa Pharáid fosta agus bhain siad ar fad sult as Clár na Ceardlainne Carnabhail i rith na seachtainí roimhe sin. Bhain lucht féachana a raibh tuairim is 2,000 duine ann sult as an imeacht.

Is iad *Erne Enterprise Development Company*, CLG agus *Dark Daughter Productions* a léirigh agus a chomhordaigh Tionscadal an Charnabhail le maoiniúchán ón gComhairle Ealaíon, ó Éire Ildánach agus ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

## Carnival Ballyshannon Project

This was the highlight of the cultural calendar in Ballyshannon and South Donegal, where over 300 performers of all ages took to the streets to celebrate this year's Donegal Diaspora flavoured Carnival theme, *Coming Home*.

Co-ordinated by Dark *Daughter Productions*, the Carnival featured Inishowen-based LUXe landscape theatre company and Workshouse Arts, Sligo, and highlighted the work of Ballyshannon soundscape artist, Keith Mannion (aka Slow Place Like Home). The Parade also included community participants from Donegal Town, Bundoran, Ballyshannon and environs, all of whom enjoyed the Carnival Workshop Programme in the preceeding weeks. The event was enjoyed by an estimated audience of some 2,000 people.

The Carnival Project is produced and co-ordinated by *Erne Enterprise Development Company* CLG and *Dark Daughter Productions*, with funding assistance from The Arts Council, Creative Ireland and Donegal County Council.

*Compántas Damhsa Aisling, Bealach Féich, ag Paráid Carnabhail Ag Teacht Abhaile i mBéal Átha Seanaidh i nDeireadh Fómhair, cuid d'Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorma*
Grianghraf: Catriona Bonner

*The Aisling Dance Academy, Ballybofey, performing at the Coming Home Carnival Parade in Ballyshannon in October, part of the Donegal Bay and Blue Stacks Festival*
Photograph: Catriona Bonner





## Oíche Chultúir

Mar thoradh ar rannpháirtíocht Leitir Ceanainn den aonú huair déag in Oíche Chultúir Náisiúnta ar an 20 Meán Fómhair, tugadh os cionn 7,300 cuairt - an leibhéal is airde rannpháirtíochta a taifeadadh riamh - ar 50 imeacht ilchineálach saor in aisce do theaghlaigh i 27 saoráid chultúir.

Rannchuidigh an Rannán Cultúir go mór leis an chlár. I measc na mbuaicphointí áiríodh taibhiúchán Little John Lee, *Waiting on a Train*, i Stáisiún Busanna Leitir Ceanainn, agus ba é Músaem an Chontae a chuir i láthair é; seó draíochta Jesica Harkin sa Phríomh-Leabharlann; léamh filíochta ag Annemarie Ní Chuirreáin i dTeach Cúirte Leitir Ceanainn; *Waiting on Tables for Godot* a léirigh Mockingbird Theatre i gCaifé Amharclainne an Ghrianáin; agus *Cybertribe* le Grúpa Charnabhal Inis Eoghain i bPáirc Bhaile Leitir Ceanainn.

Ba é Rannán Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall a chomhordaigh agus thíolaic Oíche Chultúir i Leitir Ceanainn le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ón Chomhairle Ealaíon agus ó Éire Ildánach.

*An t-ealaíontóir Morgan Ferriter i mbun Cheardlann Ealaíne Faoin Spéir Theach agus Ghailearaí na Glaidhbe ag Cearnóg na hEaglaise, Leitir Ceanainn ar an Oíche Chultúir*
*Grianghraf: Paul McGuckin*

*Artist Morgan Ferriter leading the Glebe House and Gallery's Plein Air Art Workshop at Cathedral Square, Letterkenny, on Culture Night*
Photograph: Paul McGuckin

## Culture Night

Letterkenny's participation for the eleventh time in National Culture Night on 20th September, generated over 7,300 visits – the highest level of engagement recorded to date - to over 50 diverse, family friendly, free events in 27 cultural facilities.

Culture Division contributed immensely to the programme. Among the highlights were Little John Nee's *Waiting On A Train* performance at Letterkenny Bus Station, presented by the County Museum; Jessica Harkin's magic show at the Central Library; poet Annemarie Ní Churreáin's reading at Letterkenny Courthouse; Mockingbird Theatre's *Waiting On Tables for Godot* at An Grianán Theatre Café; and Inishowen Carnival Group's *Cybertribe* at Letterkenny Town Park.

Culture Night in Letterkenny was co-ordinated and presented by Donegal County Council Culture Division, with the support of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, the Arts Council and Creative Ireland.

## Infheistíocht i gCruthú Saothar Nua Ealaíne i nDún na nGall

Ceann de na róil is tábhachtaí atá ag an tSeirbhís Ealaíon ná tacú le cruthú agus cur i láthair saothar nua ealaíne sa chontae.

Chuir grúpa ealaíontóirí *An Cosán Glas* Loinnir i láthair, is é sin le rá, rian dealbhóireachta soilsithe ag Teach Bhaile Chonaill, an Fál Carrach, ar an 20 Iúil agus ar an 21 Iúil. Bhain lucht féachana ina raibh níos mó ná 1,600 duine, idir mhuintir na háite agus chuairteoirí, sult as 30 saothar ealaíne de chuid 17 n-ealaíontóir san áit inar forbraíodh an tionscadal den chéad uair sa bhliain 1995.

Thug an tSeirbhís Ealaíon cúnamh le haghaidh dhá léiriúchán nua amharclainne agus ceoldráma aon ghnímh fosta. I mí Dheireadh Fómhair, glacadh go han-mhaith le léiriú a rinne *Balor Reps*, i mBéal Átha Seanaidh agus i mBealach Féich, ar shaothar féin-bheathaisnéiseach Martin Jim McFadden dar teideal *Don't Go There* a bhaineann le saincheist dheacair an alcólachais agus bhí an teach lán go doras nuair a léiríodh an seó is déanaí de chuid *Dark Daughter Productions*, is é sin, *The Housekeeper*, i mBun Dobhrán agus i mBéal Átha Seanaidh.

Cuireadh ceoldráma nua an chumadóra Derek Ball, arb as Leitir Ceanainn dó ach atá lonnaithe i nGlaschú, ar siúl san Ionad Cultúir Réigiúnach i mí Mheán Fómhair, is é sin le rá, ceoldráma dar teideal *The Giant of Doon Rock*.

## Investing in the Creation of New Artistic Work in Donegal

One of the most important roles of the Arts Service is that of supporting the creation and presentation of new artistic work in the county.

*An Cosán Glas* artists group presented their Loinnir illuminated sculpture trail at Teach Bhaile Chonaill, An Falcarrach, 20th -21st July . An audience of over 1,600 local people and visitors enjoyed 30 artworks by 17 artists, on the site where the project was first developed in 1995.

Two new theatre productions and a one-act opera, were also assisted by the Arts Service. In October, the *Balor Reps*' production of Martin Jim McFadden's autobiographical work, *Don't Go There*, on the difficult subject of alcohol addiction, was extremely well received in Ballyshannon and Ballybofey while *Dark Daughter Productions*' latest show, *The Housekeeper*, enjoyed full houses in Bundoran and Ballyshannon.

Glasgow-based, Letterkenny composer Derek Ball's new opera, *The Giant of Doon Rock*, was performed at the RCC in September.

*Aer-Chleasghleacaí Cónaithe, Stephanie Townsend, i mbun Cheardlann Lá Oscailte ag Meánscoil Chlochar Loreto, Leitir Ceanainn, mar chuid den tionscadal Cuireadh Chun Comhoibriú Bingo Wings i gcomhar le Fidget Feet Aerial Dance Theatre*
Grianghraf: Paul McGuckin

*Aerialist in Residence, Stephanie Townsend, leads the Open Day Workshop at Loreto Convent Secondary School, Letterkenny, as part of the Bingo Wings Invitation to Collaboration project with Fidget Feet Aerial Dance Theatre*
Photograph: Paul McGuckin


La Fàbrica de Somnis

## Féile Damhsa Aerga na hÉireann

Chuir comhpháirtíocht *Fidget Feet Aerial Dance Company*, an Ghrianáin agus Chomhairle Chontae Dhún na nGall 10ú Féile Damhsa Aerga na hÉireann i láthair agus thaistil 200 damhsóir, as Éirinn agus as áiteanna thar lear, go hÉirinn chun páirt a ghlacadh san imeacht.

Gné forásach de chuid na Féile is ea an tábhacht atá aici mar ardán taispeána le haghaidh saothar nua damhsa aerga, idir shaothar Éireannach agus shaothar Idirnáisiúnta, agus bhain suntas ar leith le saothar nua Kat & Dawg Productions dar teideal *By A Thread* ar saothar é a fuair inspioráid ó scéalta mharthanóirí Neachtlanna Maigdiléana.

## Irish Aerial Dance Festival

The 10th Irish Aerial Dance Festival was presented by the partnership of Fidget *Feet Aerial Dance Company*, An Grianán Theatre and Donegal County Council, where 200 dancers, from Ireland and overseas, travelled to Donegal for the event.

An evolving feature of the Festival is its importance as a showcase platform for new Irish and international aerial dance work, with Irish company Kat & Dawg Productions' new work, *By A Thread*, inspired by survivors' stories from the Magdalene laundries, being a particular stand out.

## 4ú Féile Idirnáisiúnta Lughnasa Friel

Is ionann Féile Idirnáisiúnta Lughnasa Friel agus ceiliúradh ar shaothar an drámadóra cháiliúil Brian Friel a raibh cónaí air sa Chaisleán Nua ó dheireadh bhlianta na 1960-idí go dtí go bhfuair sé bás i mí Dheireadh Fómhair 2015.

I mbliana, reáchtáladh ceathrú Féile Friel i nDún na nGall, i nDoire agus san Ómaigh sa tréimhse ón 9 Lúnasa go dtí an 18 Lúnasa. I measc chomhpháirtithe na féile áiríodh Arts Over Borders, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Amharclann an Ghrianáin.

Mar chuid de chlár Dhún na nGall áiríodh taibhiúcháin phromanáide *Faith Healer* i hallaí pobail in Éadan Anfach, sna Gleannta agus in Ard an Rátha; léitheoireachtaí cleachtaidh *The Yalta Game* i Halla N. Eoghain i mBun an Phobail; sraith léitheoireachtaí lasmuigh as *Homer's Odyssey* ar thránna éagsúla i nDún Fionnachaidh, i gCúil Dabhcha agus i Ráth an Mhuilinn, agus an léiriú bunúsach a rinne Amharclann an Lyric, Béal Feirste, ar *Waiting for Godot* le Samuel Beckett ag Cionn Mhálanna, I measc na dtaibheoirí a bhí páirteach san fhéile áiríodh Cathy Tyson, Greta Scacchi, Paul McGann, Sean McGinley, Marie Mullen, Frankie McCafferty, Amelia Bullmore, Dearbhla Molloy agus Patrick Bergin.

## 4th Lughnasa International Friel Festival

The Lughnasa International Friel Festival is a celebration of the work of renowned playwright Brian Friel, who resided in Greencastle from the late 1960s until his death in October 2015.

The fourth Friel Festival took place this year in Donegal, Derry and Omagh, from 9th – 18th August. Festival partners included Arts Over Borders, Donegal County Council and An Grianán Theatre.

The Donegal programme included promenade performances of *Faith Healer* in community halls in Edeninfagh, Glenties, and Ardara; rehearsed readings of *The Yalta Game* at St. Eugene's Hall, Moville; a series of outdoor readings of excerpts from *Homer's Odyssey* at beach locations at Dunfanaghy, Culdaff, and Rathmullan and the Lyric Theatre, Belfast's elemental presentation at Malin head of Samuel Beckett's *Waiting for Godot*. Participating artists included Cathy Tyson, Greta Scacchi, Paul McGann, Sean McGinley, Marie Mullen, Frankie McCafferty, Amelia Bullmore, Dearbhla Molloy and Patrick Bergin.

## Cuireadh Chun Comhoibriú - Éagsúlacht Chultúir & Bingo Wings

Chuir an tSeirbhís Ealaíon dhá thionscadal i gcrích in éineacht le Comhpháirtithe Seirbhíse Ealaíon Údaráis Áitiúil i Maigh Eo, i Luimneach, i gCiarraí agus i mBaile Átha Cliath Theas, le maoiniúchán ó chlár *Cuireadh Chun Comhoibriú na Comhairle Ealaíon*.

D'oibrigh an tSeirbhís i gcomhar le hArdán Idirchultúir Dhún na nGall chun clár *Ealaíona Idirchultúir i nGníomh* a chur ar fáil inar cuimsíodh imeachtaí comhairliúcháin phoiblí chun na riachtanais tacaíochta cultúir atá de dhíth ar phobail eitneacha nua i nDún na nGall a fháil amach. Bhí 37 moladh sa Tuarascáil a lean as sin agus lainseáladh í ar Oíche Chultúir.

Ba é a bhí in *Bingo Wings* ná tionscadal cónaitheachta agus taibhiúcháin damhsa aerga a cuireadh i gcrích i míonna Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair. Reáchtáil Fidget Feet Aerial Dance Company an tionscadal sin ina raibh an damhsóir cónaitheach, Stephanie Townsend, ag obair ar feadh sé seachtaine i scoileanna, in ionaid lae agus i spásanna ealaíon i Leitir Ceanainn, i nGleann na Finne agus in Inis Eoghain agus bhí dhá thaibhiúchán ann ag deireadh an tionscadail in Amharclann an Ghrianáin i mí Dheireadh Fómhair, is é sin, seó iontach *Bingo Wings* le Fidget Feet.

## Invitation To Collaboration – Cultural Diversity & Bingo Wings

The Arts Service completed two projects with Local Authority Arts Service partners in Mayo, Limerick, Kerry and South Dublin, funded through the Arts Council's *Invitation To Collaboration* programme.

The Service partnered with Donegal Intercultural Platform to deliver an *Intercultural Arts in Action* programme of community consultation events to ascertain the cultural support needs of new minority ethnic communities in Donegal. The ensuing Report, containing 37 recommendations, was launched on Culture Night.

*Bingo Wings* was an aerial dance residency and performance project which took place in September and October. Delivered by Fidget Feet Aerial Dance Company, the project saw dancer-in-residence Stephanie Townsend work for six weeks in schools, day centres and arts spaces in Letterkenny, the Finn Valley and Inishowen, culminating in two performances by Fidget Feet of their spectacular *Bingo Wings* show at An Grianán Theatre in October.

## Féile Ealaíon an Earagail

Bhí 418 dtaibhiúchán in 28 n-ionad, ar fud 16 bhaile mór, sráidbhaile agus oileán, san áireamh sa 31ú Féile a reáchtáladh sa tréimhse ón 10 Iúil go dtí an 28 Iúil agus bhí os cionn 300 duine páirteach na himeachtaí mar thaibheoirí, mar rannpháirtithe pobail, mar acadóirí agus mar speisialtóirí as Éirinn, as an Ríocht Aontaithe, as an India, as Stáit Aontaithe Mheiriceá, as an Liotuáin, as an Ghearmáin agus as Háítí.

### Buaicphointí an Chláir

I measc bhuaicphointí fhéile na bliana 2019 áiríodh an méid seo a leanas: an chéad taibhiú ar *Citadels of the Sun*, ar saothar comhoibríoch a bhí ann a raibh ceol tíre de chuid na hÉireann agus na hIndia agus mórthaibhsiú amharclainne ann mar chuid de; taispeántas eipiciúil agus suiteáil Cathal McGinley, dar teideal *Ealaín ón gCladach*, san Ionad Cultúir Réigiúnach; taibhiúcháin fhéile a rinne an grúpa cáiliúil darb ainm Horslips i dteach McGrory i gCúil Daibhche; Cór Dhún na nGall na nAoiseanna in éineacht le Moya Brennan in Amharclann an Ghrianáin; agus an clár focal labhartha dar teideal *No Borders, No Nations* sna Folacháin ag Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse.

### Cónaitheachtaí Féile

Leathnaigh an Fhéile a tiomantas i leith ealaíontóirí nua trí thrí chónaitheacht nua a thionscnamh: Ba é a bhí in *AtticAscent* ná cónaitheacht léiriúcháin cúig lá in Attic Studeos, an Tearmann; ba chónaitheacht nua damhsa í *Na Mic Ua gCorra* i gcomhar le complacht Éiriú Bhreandáin de Gallaí in Amharclann Ghaoth Dobhair; agus tharla cónaitheacht LUXe i gcomhthráth leis an ghné mhórshiúlach a chruthaigh an chomplacht le haghaidh choimisiún *Citadels of the Sun*.

### Deireadh Seachtaine na Mol

Leanadh de chomhdhlúthú 'Deireadh Seachtaine na Mol' trí Dheireadh Seachtaine an Atlantaigh Fhiáin inar cuimsíodh ealaíona agus ceol sráide i mBun an Phobail agus i gCúil Dabhcha, trí Dheireadh Seachtaine Idirnáisiúnta Ceoil Tíre & Sean-Nóis Dhún na nGall i Leitir Ceanainn agus Rian Mór Ceoil agus Ealaíon ar Árainn Mhór.

## Earagail Arts Festival

The 31st Festival promoted 418 performances in 28 venues, across 16 towns, villages and islands between 10th-28th July , with more than 300 artists, performers, community participants, academics and specialists from Ireland, UK, India, USA, Sudan, Lithuania, Germany and Haiti.

### Programme Highlights

Among the highlights of 2019's festival were – the world premier of *Citadels of The Sun*, a collaboration of Irish and Indian folk music and theatre spectacle; Cathal McGinley's epic *Ealaín ón gCladach* exhibition and installation at the RCC; festival performances by the legendry Horslips at McGrory's, Culdaff; the Donegal Choir of Ages with Moya Brennan at An Grianán Theatre, and the *No Borders, No Nations* spoken word programme in the Hides at the Inch Wildfowl Reserve, Burt.

### Festival Residencies

The Festival deepened its commitment to emerging artists by initiating three new residencies. *AtticAscent* was a five day music production residency at Attica Studios, An Tearmann; *Na Mic Ua gCorra* was a new dance residency with Breandán De Gallaí's Ériú company at Amharclann Ghaoth Dobhair; while the residency with LUXe coincided with the company's creation of the processional element of the *Citadels of The Sun* commission.

### Hub Weekends

The consolidation of hub weekends continued with the Wild Atlantic Weekend of street arts and music in Moville and Culdaff, the Donegal International Folk & Roots Weekend in Letterkenny and the Mór Music and Arts Trail on Oileán Árainn Mhór.



*Ceoltóirí Rajasthani Asin Khan, sarangi, agus Sawai Khan Manganiyar, cnaguirlisí, i mbun taibhiúcháin ag Eclipse, an dara cuid de choimisiún Citatels of The Sun Fhéile Ealaíon an Earagail i gcomhar le Féile Ceoil Tíre Idirnáisiúnta Jodhpur Rajasthan*
Grianghraf: Deirdre Devine

*Rajasthani musicians Asin Khan, sarangi, and Sawai Khan Manganiyar, percussion, performing in Eclipse, the second part of Earagail Arts Festival's Citatels of The Sun commission in collaboration with the Jodhpur Rajasthan International Folk Festival*
Photograph: Deirdre Devine



## Amharclann an Ghrianáin

Ceiliúradh cothrom 20 bliain bhunú Amharclann an Ghrianáin i mbliana. Mar chuid den cheiliúradh sin, rinne an Bord agus an Fhoireann, i gcomhar le *Blu Zebra Consultants*, athbhreithniú straitéiseach agus plean gnó a ullmhú i gcomhthéacs ceithre phríomhthosaíocht - teach chun bheith ina mhol cruthaitheachta i nDún na nGall agus san Iarthuaisceart, tacú le forbairt ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha, an amharclannaíocht a leabú tuilleadh i gcroílár an phobail agus difríocht a dhéanamh.

### Léiriúcháin Intí

Cruthaíodh cúig léiriúchán intí, rud nach ndearnadh in aon bhliain roimhe sin, agus chuaigh dhá cheann de na léiriúcháin sin ar camchuairt ar fud na tíre is é sin le rá, *Manny Man Does the History of Ireland*, le John D. Ruddy, agus *Songbirds*, le Guy Le Jeune.

Ba é a bhí sa léiriúchán ab uaillmhianaí ná *The Winter's Tale*, le William Shakespeare, ag Páirc Bhaile Mhic Comhghaill, Leitir Ceanainn agus sa Chaisleán Nua. Fuarthas maoiniúchán ó Éire Ildánach ina leith agus bhí níos mó ná 40 taibheoir páirteach ann agus, chomh maith leis sin, reáchtáladh mórfhéasta agus turas Báid Farantóireachta ón Chaisleán Nua go dtí Aird Mhic Giollagáin.

Tugadh tacaíocht do *Experience of Being*, le Carol Moore, fosta agus léirigh Aisteoirí Óga an Ghrianáin *Alice's Adventures in Wonderland* i nGleann Bheatha le haghaidh Chruinniú na nÓg.

## An Grianán Theatre

An Grianán Theatre celebrated its 20th anniversary in this year. As such, the Board and Staff, with *Blu Zebra Consultants*, undertook a strategic review and business plan with four key priorities: to become a hub for creativity in Donegal and the North West; to support the development of artists and creatives; to further embed the theatre in the heart of the community; and to make a difference.

### In-House Productions

An unprecedented five in-house productions were created, of which John D. Ruddy's *Manny Man Does the History of Ireland* and Guy Le Jeune's *Songbirds* enjoyed national tours.

Most ambitious was the production of William Shakespeare's *The Winter's Tale* at Ballymacool Park, Letterkenny and Greencastle. Funded by Creative Europe, it featured over 40 performers, a banquet and a Foyle Ferry crossing from Greencastle to Magilligan.

The nationwide tour of Carol Moore's *Experience of Being* was also supported, while An Grianán Youth Theatre presented *Alice's Adventures in Wonderland* at Glenveagh for Cruinniú na Óg.

*Eoghan MacGiolla Bhríde, Patrick Quinn agus Oscar Murtagh sna dumhcha ag Aird Mhic Giollagáin, Co. Dhoire le linn léiriúchán promanáide Amharclann an Ghrianáin de The Winter's Tale, buaicphointe Fhéile Ealaíon an Earagail i mí Iúil*
Grianghraf: David Faughnan

*Eoghan MacGiolla Bhríde, Patrick Quinn and Oscar Murtagh in the sand dunes at Magilligan, Co. Derry, during An Grianán Theatre's promenade production of The Winter's Tale, a highlight of the Earagail Arts Festival in July*
Photograph: David Faughnan

## Clár na dTaibheoirí ar Cuairt

Óstáladh os cionn 150 taibhiúchán a bhain leis na cineálacha ealaíne uilig. I measc na mbuaicphointí drámaíochta áiríodh *Furniture*, leis an Druid Theatre, agus *Bingo Wings*, le Fidget Feet. I measc na dtaibheoirí iomráiteacha idirnáisiúnta a bhí ann áiríodh Ed Asner, réalta Lou Grant, John Challis ó *Only Fools and Horses*, agus John Cooper Clark, file as Manchain.

Bhí ceoltóirí de chuid Dhún na nGall ann, lena n-áirítear Altan, Tanya McCole, Little Hours, Mickey Joe Harte, Rory Gallagher agus In Their Thousands, chomh maith le léiriú ar Oliver a rinne Amharclann Cheoil Óige Dhún na nGall os comhair lucht féachana a líon an amharclann cúig huaire i mí Lúnasa.

## I gCroílár an Phobail

Ar an meán, líonadh 69% de na suíocháin sa Ghrianán i rith na bliana agus líonadh 100% de na háiteanna a bhí ar fáil dá chlár forleathan ceardlann. Chomh maith leis sin, lean an Grianán de thacaíocht a thabhairt d'Fhéile Ealaíon an Earagail agus don Ionad Cultúir Réigiúnach i dtaca le díol ticéad agus margaíocht de.

## Visiting Programme

Over 150 performances, across all the art forms, were hosted. Drama highlights included Druid Theatre's *Furniture* and Fidget Feet's *Bingo Wings*. Visiting international legends included Lou Grant star Ed Asner, *Only Fools and Horses*' John Challis and Manchester poet, John Cooper Clark.


Donegal musicians featured included Altan, Tanya McCole, Little Hours, Mickey Joe Harte, Rory Gallagher and In Their Thousands, as well as the Donegal Youth Musical Theatre production of Oliver, which played to five capacity audiences in August.

## At the Centre of the Community

An Grianán achieved average audience capacity of 69% at performances and 100% capacity at its extensive workshop programme. An Grianán also continued to offer box office and marketing support to Earagail Arts Festival and the Regional Cultural Centre.

*An t-aisteoir Fadl Mustapha ag léamh ó dhráma Idan Meir, Bassam, ag imeacht an Cultural Crossroads Café san Ionad Cultúir Réigiúnach, Leitir Ceanainn, mar chuid de thionscadal ar Iléagsúlacht Chultúir Chuireadh Chun Comhoibriú na Seirbhíse Ealaíon i gcomhar le hArdán Idirchultúir Dhún na nGall*
Grianghraf: Martha McCullough, The Memory Factory

*Actor Fadl Mustapha reading from Idan Meir's play, Bassam, at the Cultural Crossroads Café event at the Regional Cultural Centre, Letterkenny, part of the Arts Service's Invitation To Collaboration Cultural Diversity project with Donegal Intercultural Platform*
Photograph: Martha McCullough, The Memory Factory





*Seat suiteáin de thaispeántas grúpa 'The Yalta Game' san RCC. Arna choimeadú ag Declan Sheehan agus arna léiriú ag Jeremy Fitz Howard*
Grianghraf: Jeremy Howard

*An installation shot of 'The Yalta Game' group exhibition at the RCC. Curated by Declan Sheehan and produced by Jeremy Fitz Howard*
Photograph: Jeremy Howard



# Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Rátáil an Irish Times an tIonad Cultúir Réigiúnach (RCC) ealaíon agus pobail á eagrú aige ón tráth ar osclaíodh é sa bhliain 2007. Is féidir an clár a eagrú mar thoradh ar mhaoiniúchán bliantúil ón Chomhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus mar thoradh ar mhaoiniúchán tionscadail ó fhoinsí éagsúla eile.

# Regional Cultural Centre

Rated as *"one of the finest arts facilities in the country"* by The Irish Times, the Regional Cultural Centre (RCC) has had a full programme of high quality arts and community activities since it opened in 2007. The programme is made possible by annual funding from the Arts Council, Donegal County Council and project funding from a variety of sources.

## Scoth an Cheoil Áitiúil agus an Cheoil Idirnáisiúnta a thabhairt go Dún na nGall

Tá an tIonad Cultúir Réigiúnach ar cheann de na hionaid cheoil is mó a bhfuil meas air agus is ilchineálaí dá bhfuil ann sa tír agus lean sé dá chlár forbartha ceoil i gcomhar le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall agus le Féile Ealaíon an Earagail. Chuir sé clár bliana speisialta i láthair ina raibh beagnach 40 ceolchoirm cheoil chlasaicigh, cheoil tíre, snagcheoil, cheoil dhomhanda agus cheoil mhalartaigh, de chineál náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuireadh tús iontach le clár ceoil na bliana 2019 trí bhíthin Sheachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn ar éirigh go han-mhaith leis agus a raibh cuid de na ceoltóirí traidisiúnta is breátha ar domhan páirteach ann agus, maidir le sé cinn de na seónna, níor fágadh aon ticéad gan díol. Sa chuid eile den bhliain bhí 60 ócáid ceoil eile ann le linn beagnach 40 imeacht eile agus cineálacha éagsúla ceoil ann lena linn, lena n-áirítear Hip Hop Meiriceánach agus ceol Raga Indiach.

D'ullmhaigh an tIonad Cultúir Réigiúnach Féile Ceoil Tíre agus Sean-Nóis Dún na nGall i gcomhar le Féile Ealaíon an Earagail i mí Iúil agus mheall siad lucht féachana ó áiteanna ar fud na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh an imeachta ceithre lá.

Ba bhliain mhaith í an bhliain 2019 fosta i dtaca le saol an cheoil san Iarthuaisceart agus d'óstáil RCC lainseáil albam de chuid roinnt ceoltóirí áitiúla amhail *In Their Thousands*, *Great White Lies*, Terry Monaghan, Ryan Vail agus *Orkestra Elma* (Buaiteoir Dhuaisalbam Thuaisceart Éireann don Bhliain 2019).

## Bringing the Best Local and International Music to Donegal

The RCC, one of the most highly regarded and versatile music venues in the country, continued it's music development programme in partnership with the Donegal Music Education Partnership and Earagail Arts Festival. It presented a select year-long programme of almost 40 national and international classical, folk, jazz, world and alternative music concerts.

The 2019 music programme began in style with a highly successful Letterkenny Trad Week, which saw 6 sold out performances by a selection of the finest traditional musicians in the world. The year continued with 60 acts performing at nearly 40 separate events, ranging from American Hip Hop to Indian Raga music.

The Regional Cultural Centre produced Donegal International Folk and Roots Festival in association with Earagail Arts Festival in July and attracted audiences from across Europe and the U.K. for the 4 day event.

2019 was also strong year for the North West music scene, with the RCC hosting album launches for several prominent local acts such as In *Their Thousands*, *Great White Lies*, Terry Monaghan, Ryan Vail and *Elma Orkestra* (Winner of Northern Ireland Prize Album of the Year 2019).

*Rogha de ghrianghraif ó cheolchoirmeacha an RCC in 2019, ag a raibh ceol áitiúil agus idirnáisiúnta den scoth*
Grianghraf: John Soffe

*A selection of photographs from RCC concerts in 2019, featuring the best local and international music*
Photograph: John Soffe














*Taispeántas ollmhór samhraidh Cathal McGinley, 'Ealaíon ón gCladach'. Arna choimeadú ag Úna Campbell agus arna léiriú ag Jeremy Fitz Howard*
Grianghraf: Jeremy Howard

*Cathal McGinley's major 'Ealaín ón gCladach' summer exhibition. Curated by Úna Campbell and produced by Jeremy Fitz Howard*
Photograph: Jeremy Howard

## Amharc-Ealaíona

Lean an RCC de bheith ag obair le taibheoirí ceannasacha idirnáisiúnta agus le taibheoirí áitiúla Éireannacha trí shraith 20 seó aonair agus seó grúpa sa bhliain 2019.

D'óstáil Gallery 1 ceithre mhórthaispeántas ealaíne comhaimseartha a bhí ullmhaithe ag RCC agus ag a chomhpháirtithe, mar aon lenár Seó Chéimithe LYIT, Taispeántas na hArdteistiméireachta & an Teastais Shóisearaigh - *'Súile na nÓg'* - agus seó pop-chultúir inar ghlac an FAI seilbh ar an spás gailearaí ar feadh 10 lá chun stair shacair na hÉireann a chur ar taispeáint.

D'óstáil ár gcuid spásanna Gallery 2 agus Foyer os cionn dosaen seónna, idir sheónna aonair agus sheónna grúpa, agus bhí níos mó ná 100 taibheoir/ealaíontóir páirteach sna himeachtaí sin. Maidir le ceann amháin de na taispeántais sin - *Yesterday, Today and Tomorrow* le Richard Noble - tharraing sé aird an phobail agus tháinig grúpaí as gach cearn d'Éirinn ar cuairt chun breathnú ar a chuid grianghraf de dhaoine cáiliúla amhail Clint Eastwood, Bob Dylan agus Cher agus, chomh maith leis sin, ar a chuid portráidí áille de phearsana dúchasacha eile de chuid Dhún na nGall.

I measc bhuaicphointí na bliana 2019 áiríodh an méid seo a leanas:

- *Ealaín ón gCladach* le Cathal McGinley (Taispeántas na Seachtaine, The Irish Times, The Sunday Times & TG4).
- *Fieldnotes* from the Border le Anthony Haughey (Taispeántas na Seachtaine, The Irish Times, RTÉ Culture).
- *The Yalta Games* (Taispeántas na Seachtaine, The Irish Times).
- *Shelf Life!* le Laura Buchanan (Taispeántas na Seachtaine, RTÉ Culture).
- *Blue in Green* le Adrian Kelly (Taispeántas na Seachtaine, RTÉ Culture).
- *Yesterday, Today and Tomorrow* (Príomhthaispeántas, Iris Chultúir an Irish Times).

## Visual Arts

The RCC has continued to work with both leading international and local Irish artists through a series of 20 solo and group shows in 2019. Gallery 1 hosted 4 major contemporary art exhibitions produced by the RCC and partners alongside our annual LYIT Graduate Show, Leaving Certificate & Junior Certificate Exhibition - *'Súile na nÓg'*, and a pop culture show which saw the FAI take over the gallery space for 10 days to showcase Ireland's soccer history.

Our Gallery 2 and Foyer spaces hosted over a dozen solo and group shows featuring over 100 artists. One of these exhibitions, Richard Noble's - *Yesterday, Today and Tomorrow*, really captured the public's imagination with visiting groups traveling the breadth of Ireland to see his photographs of celebrities such as Clint Eastwood, Bob Dylan and Cher alongside beautiful portraits of Donegal's natives.

2019 Highlights included:

- *Ealaín ón gCladach* by Cathal McGinley (Exhibition of the Week, The Irish Times, The Sunday Times & TG4).
- *Fieldnotes* from the Border by Anthony Haughey (Exhibition of the Week, The Irish Times, RTÉ Culture).
- *The Yalta Games* (Exhibition of the Week, The Irish Times).
- *Shelf Life!* by Laura Buchanan (Exhibition of the Week, RTÉ Culture).
- *Blue in Green* by Adrian Kelly (Exhibition of the Week, RTÉ Culture).
- *Yesterday, Today and Tomorrow* (Feature Exhibition, Irish Times Culture Magazine).

## Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Tá Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall, a fheidhmíonn faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall lonnaithe san Ionad Cultúir Réigiúnach agus oibríonn an dá eagraíocht go dlúth lena chéile, lena n-áirítear ceolchoirmeacha RCC a chur chun cinn i gcomhpháirt lena chéile agus éascú na gceardlann a bhíonn ann mar chuid de shraith cheolchoirmeacha *Music Network*. Bíonn baint shuntasach ag Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall le gníomhaíochtaí RCC, lena n-áirítear ranganna agus cleachtaí rialta seachtainiúla le haghaidh ensembles éagsúla óige agus aosach.

## Ealaíona Oideachais agus Pobail

Chomhordaigh RCC agus Leabharlann Chontae Dhún na nGall Féile na Bealtaine do dhaoine scothaosta inar eagraíodh os cionn 10 imeacht ar fud an chontae, rud a rinneadh i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall, le hAostacht & Deiseanna agus le heagraíochtaí do dhaoine scothaosta. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as an Ionad le haghaidh ceardlanna agus imeachtaí rialta leanúnacha a sheolann eagraíochtaí cultúir, oideachais, forbartha pobail agus sláinte ar fud na bliana. D'eagraigh an RCC imeachtaí do scoileanna, do pháistí agus do theaghlaigh san Ionad agus ar fud an chontae in éineacht le comhpháirtithe éagsúla. I measc bhuaicphointí RCC i leith Wainfest 2019 do pháistí i mí Dheireadh Fómhair áiríodh ceithre sheó amharclainne, Ceardlann Scannánaíochta Fóin Chliste agus Pictiúrlann Tiomáin Isteach do Phaistí.

## Donegal Music Education Partnership

The Donegal Education and Training Board's (ETB) Donegal Music Education Partnership (DMEP) is based in the RCC and the two organisations work closely together, including the joint promotion of RCC concerts and the facilitation of workshops to accompany the *Music Network* concert series. The DMEP account for a significant proportion of the RCC's activities, including regular weekly classes and rehearsals for various youth and adult ensembles.

## Education and Community Arts

The RCC and Donegal County Library coordinated the Bealtaine festival for older people, which featured over 100 events countywide, in partnership with Donegal County Council Cultural Services, Age & Opportunity, and older people's organisations. The Centre was also the venue for regular and ongoing workshops and events held by cultural, educational, community development and health organisations throughout the year. The RCC organised school, children's and family events in the Centre and countywide with a range of partners. The RCC highlights of the 2019 Wainfest for children in October included four theatre shows, a Smart Phone Filmmaking Workshop and a Kids Drive-In Movie Theatre.

## Staidéir Theorann

Lean RCC de bheith ag obair le Gailearaí Grianghrafadóireachta Bhaile Átha Cliath agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ealaín á húsáid acu chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar imní atá ann faoi láthair mar thoradh ar an seans go gcuirfear crua-theorainn i bhfeidhm. D'oibrigh ealaíontóirí amhail Anthony Haughey agus Brian Newman in éineacht le pobail teorann sa bhliain 2018 agus chuir siad a saothar i láthair i bhfoirm mórthaispeántas RCC a osclaíodh ar an 31 Márta 2019. Leanfaidh an tionscadal sin dar teideal '*Reframing the Border*' ar aghaidh ar fud na bliana 2020.

## Border Studies

The RCC continued to work with Gallery of Photography Dublin and the Department of Foreign Affairs using art to examine the current national anxiety raised by the prospect of the imposition of a hard border. Artists such as Anthony Haughey and Brian Newman worked with border communities over 2018 and presented their work with a major RCC exhibition that opened on 31st March 2019. This project '*Reframing the Border*' will continue throughout 2020.

## Pobail Nua san Ionad Cultúir Réigiúnach (RCC)

Sa bhliain 2019, bhí lúcháir orainn a bheith ag obair go dlúth le grúpaí pobail nua i nDún na nGall, amhail Cumann Dhún na nGall na nIndiach agus na Mailéalamach, an Pobal Indiach, an Cumann Moslamacha, pobal Bainglidéiseach Dhún na nGall, Grúpaí Imirceach Siriach, pobal Baha'i na Peirse, Cumann Seapánach an Iarthuaiscirt agus cuid mhór grúpaí agus eagraíochtaí pobail idirchultúir eile.

## New Communities at the RCC

In 2019, we were delighted to work closely with new Donegal community groups such as Donegal Indian Malayalees Association, the Indian Community Centre, the Muslim Society, the Donegal Bangladeshi community, Syrian Migrant Groups, Persian Bahá'í community, the North-West Japanese Society and many other intercultural community groups and organisations.

# Seirbhís Mhúsaeim

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall, tríd an tSeirbhís Músaem, caomhnú agus ceiliúradh ar chomhchuimhne an chontae agus a chuid pobal, trí dhéantáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a chur ar taispeáint agus léirmhíniú a thabhairt ina leith. Oibríonn an Músaem i gcomhar le daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla le feabhas a chur ar rochtain agus ar rannpháirtíocht san oidhreacht agus lenár n-oidhreacht chultúir a chur chun cinn agus a chaomhnú.

# Museum Service

Through the Museum Service, Donegal County Council preserves and celebrates the collective memory of the county and its communities, by preserving, displaying and interpreting artefacts related to the history of Donegal.   The Museum works with a wide variety of individuals, groups and organisations to improve access to, and participation in, heritage, and to promote and preserve our cultural inheritance.



*Eispéireas CINE VR ag an LOFT, Leitir Ceanainn, le linn Chruinniú na nÓg, Meitheamh 2019*
Grianghraf: Paul McGuckin

*CINE VR experience at the LOFT, Letterkenny, during Cruinniu na nOg, June 2019*
Photograph: Paul McGuckin



## Spás nua ilfheidhme i Músaem Chontae Dhún na nGall

Sa bhliain 2019, osclaíodh spás nua ilfheidhme sa Mhúsaem. Is féidir raon fairsing imeachtaí agus gníomhaíochtaí poiblí a reáchtáil sa spás sin, amhail ceardlanna, cruinnithe agus léachtaí. Fuarthas páirtmhaoiniú do na hoibreacha trí *Scéim Chaipitiúil Ealaíon agus Cultúir 2016-2018* a riarann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Tionscadal CINE

Lean an Músaem ar aghaidh lena chuid oibre ar *thionscadal CINE*, ar tionscadal digiteach comhoibríoch é atá á reáchtáil ag comhpháirtithe as an Iorua, as an Íoslainn, as Éirinn agus as Albain agus a fhaigheann maoiniúchán ó *Chlár an Imill Thuaisceartaigh agus Artaigh*. I gcomhar le comhghleacaithe in Ollscoil Uladh, d'eagraigh an Músaem roinnt imeachtaí agus ceardlann le linn Chruinniú na nÓg, na Seachtaine Oidhreachta agus Oíche Chultúir chun aird a tharraingt ar an tionscadal. I mí na Samhna, chomhóstáil an Músaem agus Ollscoil Uladh an cúigiú cruinniú comhpháirtithe agus d'áirigh sé sin cuairt ar Eaglais N. Caitríona agus ar an reilig sna Cealla Beaga.

## New multi functional space in Donegal County Museum

In 2019, a new multi-functional space opened in the Museum. This new space can accommodate a wide range of public events and activities, such as workshops, meetings and lectures. The works were part funded through the *Arts and Culture Capital Scheme 2016-2018* under the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht.

## CINE Project

The Museum continued its work on the *CINE project*, a collaborative digital heritage project between partners from Norway, Iceland, Ireland and Scotland and funded by the *Northern and Arctic Periphery Programme*. The Museum along with colleagues in Ulster University organised a number of events and workshops during Cruinniú na nÓg, Heritage Week and Culture Night to highlight the work of the project. In November, the fifth partner meeting was co-hosted by the Museum and Ulster University and included a visit to St Catherine's Church and graveyard in Killybegs.

## Taisce Óir Thulach Dhónaill Ar Taispeáint

I rith na bliana 2019, d'oibrigh an Músaem go dlúth le hArd-Mhúsaem na hÉireann chun cur ar taispeáint *Thaisce Óir Thulach Dhónaill Íochtarach* i nDún na nGall a éascú. Reáchtáladh an taispeántas sa tréimhse idir an 19 Samhain agus an 30 Samhain. Thug 3,300 duine cuairt ar an taispeántas, lena n-áirítear beagnach 1,000 páiste scoile. D'éascaigh foireann an mhúsaeim uaireanta oscailte breise chun a chumasú don oiread daoine agus ab fhéidir cuairt a thabhairt ar an taispeántas. Ba iad clár *Éire Ildánach* agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a pháirtmhaoinigh taispeántas na bhFáinní Óir.

Chomh maith leis an taispeántas a eagrú, d'eagraigh an Músaem clár imeachtaí chun aird a tharraingt ar sheandálaíocht Dhún na nGall. Reáchtáladh ceardlanna do pháistí i rith Wainfest, mar shampla, sraith cainteanna ar ábhair amhail Geofhóiréinsic, Corpáin Phortaigh agus an Taisce Óir, mar aon le seimineár dar teideal *'Seandálaíocht: An tAm atá Caite san Am i Láthair'*, a seoladh san Ionad Cultúir Réigiúnach ar an 19 Deireadh Fómhair.

## Tullydonnell Gold Hoard on Display

Throughout 2019, the Museum worked closely with the National Museum of Ireland to facilitate the display of the *Tullydonnell Lower Gold Hoard* in Donegal. The exhibition took place between 19th - 30th November. 3,300 people visited the exhibition, including nearly 1,000 school children. Museum staff facilitated extra opening hours to enable as many people as possible to visit. The display of the Gold Rings was part-funded by the Creative Ireland programme and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht.

In association with the exhibition the Museum organised a programme of events highlighting the archaeology of Donegal. There were children's workshops during Wainfest; a series of talks on subjects such as Geoforensics; Bog Bodies and the Gold Hoard; and a seminar, *'Archaeology: Our Past in the Present'*, held in the Regional Cultural Centre on 19th October.




*Seamus Neely, Príomhfheidhmeannach, An Comh Nicholas Crossan agus Joe Peoples, Stiúrthóir Seirbhísí, ar cuairt ag taispeántas Fháinní Óir Tullydonnell, Samhain 2019*
Grianghraf: Clive Wasson

*Seamus Neely, Chief Executive, Cllr Nicholas Crossan and Joe Peoples, Director of Service, visiting the Tullydonnell Gold Rings exhibition, November 2019*
Photograph: Clive Wasson

## Deich mBliana na gCuimhneachán

Ar fud na bliana 2019, lean an Músaem dá chuid oibre i leith comóradh a dhéanamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán. Ar an 10 Aibreán, i dTeach an Chontae, Leifear, i gcomhar leis an tSeirbhís Chartlainne, d'eagraigh an Músaem comóradh céad bliain ar chruinniú stairiúil na Chéad Dála. Mar chuid den chomóradh, d'fhorbair an Músaem taispeántas beag dar teideal *'Dún na nGall, Olltoghchán 1918 agus an Chéad Dáil'*. I mí an Mheithimh, lainseáil an Músaem an 5ú heagrán de Leabhar Onóra Chontae Dhún na nGall ina liostaítear gach duine de chuig mhuintir Dhún na nGall a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.

## Decade of Centenaries

Throughout 2019, the Museum continued its work to commemorate the Decade of Centenaries. On 10th April, in the County House,Lifford, the Museum, in association with the Archives Service, organised a centenary commemoration of the historic meeting of the First Dáil. As part of the commemoration, the Museum developed a small exhibition entitled '*Donegal, the 1918 General Election and the First Dáil*'. In June, the Museum launched the 5th edition of the County Donegal Book of Honour which lists all those from Donegal who died in the First World War.




*Coiste Book of Honour Chontae Dhún na nGall ag seoladh an Book of Honour i spás nua ilfheidhmeach an Mhúsaeim. An líne deiridh (C-D) Caroline Carr, Músaem; Eddie O'Kane, Cumann Staire Dhún na nGall; Judith McCarthy, Músaem. An líne tosaigh (C-D) Una Mathewson, An tSeirbhís Leabharlainne; Richard Doherty, staraí míleata; Mary Harte, craoltóir*
Grianghraf: Clive Wasson


*County Donegal Book of Honour committee at the launch of the Book of Honour in the Museum's new multi-functional space. Back row (L-R) Caroline Carr, Museum; Eddie O'Kane, Donegal Historical Society; Judith McCarthy, Museum. Front row (L-R) Una Mathewson, Library Service; Richard Doherty, military historian; Mary Harte, broadcaster*
Photograph: Clive Wasson

## An Tionscadal 'Athshamhlú' i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann

Tá Músaem Chontae Dhún na nGall ag comhoibriú le hAmharclann an Ghrianáin agus leis an Ionad Cultúir Réigiúnach 'Athshamhlú...' ar tionscadal de chuid Foras Ailtireachta na hÉireann é agus tacaíocht á fáil ina leith ó Chiste Náisiúnta Cruthaitheachta Chlár Éire Ildánach. Is é atá i gceist le '*Athshamhlú...*' ná clár ailtireachta agus dearthóireachta a bhfuil pobail i gceannas air agus lena dtugtar pobail áitiúla, ailtirí, dearthóirí agus pleanálaithe le chéile chun tionscadail lena bhfeabhsófar an timpeallacht fhoirgnithe áitiúil a fhorbairt. Beidh tionscadal Leitir Ceanainn dírithe ar 'conair chultúir' do choisithe a fhorbairt d'fhonn an Músaem, an Amharclann agus an tIonad Cultúir Réigiúnach a nascadh le chéile ar bhealach níos fearr. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag Foras Ailtireachta na hÉireann agus ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

## Re-imagine Project with the Irish Architectural Foundation

Donegal County Museum is collaborating with An Grianan Theatre and the Regional Culture Centre in Letterkenny on '*Reimagine*... 'an Irish Architecture Foundation project supported by the Creative Ireland Programme's National Creativity Fund. '*Reimagine*...' is a community-led architecture and design programme, which brings together local communities, architects, designers and planners to develop projects which will enhance the local built environment. The Letterkenny project will focus on developing a pedestrian 'cultural corridor' to better link the Museum, the Theatre and the RCC. The project is co-funded by the IAF and Donegal County Council.



*Judith McCarthy, Músaem Chontae Dhún na nGall; Jeremy Howard, An tIonad Cultúir Réigiúnach agus Nicola Burns, Amharclann an Ghrianáin; ag glacadh páirt i dtionscadal Amhshamhú an IAF do Chonair Chultúir Leitir Ceanainn*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

*Judith McCarthy, Donegal County Museum; Jeremy Howard, Regional Cultural Centre and Nicola Burns, An Grianan Theatre; participating in the IAF Reimagine project for the Letterkenny Cultural Corridor*
Photograph: Donegal County Museum

## Taispeántais

Ó Aibreán go Meitheamh, d'óstáil an Músaem taispeántas an-suimiúil dar teideal '*100 Bliain de Mhná sa Pholaitíocht agus sa Saol Poiblí 1918-2018*' inar tarraingíodh aird ar na mná a rannchuidigh go mór le saol na polaitíochta agus leis an saol poiblí in Éirinn le 100 bliain anuas. Ba í an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a d'ullmhaigh an taispeántas mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Ó mhí Iúil go mí na Nollag, mar chuid d'Fhéile Ealaíon an Earagail, rinneadh bailiúchán uathúil péintéireachtaí uiscedhatha agus léaráidí le Donal MacPolin a chur ar taispeáint i gcomhar le Seirbhís Chartlainne an Chontae. Trí na saothair ealaíne sin faightear cur síos agus léargas ar áilleacht ár gcuid bád traidisiúnta agus ar an traidisiún tógála bád ar chósta na hÉireann ar traidisiún é atá ag dul i léig.

I mí Lúnasa, mar chuid de dheireadh seachtaine chothrom 50 bliain bhunú Féile Ceoil Tíre Leitir Ceanainn, d'óstáil an Músaem taispeántas earraí cuimhneacháin a raibh baint acu leis an Fhéile. I measc na nithe a bhí ar taispeáint áiríodh grianghraif, cláir, bileoga agus ticéid as bailiúcháin Sally Blake agus Billy Watson.

Ar fud na bliana, d'óstáil an Músaem roinnt taispeántas a fuarthas ar iasacht ó eagraíochtaí eile. Ina measc sin, áiríodh *World War I: Ireland's Humanitarian Effort*, i gcomhar le hOtharsheirbhís Naomh Eoin; *The Devouring*, i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin; *Facing Change* i gcomhar le *Genio*; agus *The Clady Hydro Electric Scheme* i gcomhar le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL).

## Exhibitions

From April to June, the Museum hosted a fascinating exhibition '*100 years of Women in Politics and Public Life 1918 - 2018*' which shone a spotlight on the women who have contributed significantly to Irish political and public life over the past 100 years. The exhibition was produced by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht as part of the Decade of Centenaries programme.

From July to December, and as part of the Earagail Arts Festival, the Museum, in association with the County Archives Service, exhibited Dónal Mac Polin's unique collection of watercolour paintings and illustrations. These artworks document and highlight the splendour of our traditional boats and the disappearing boat-building tradition around the Irish coast.

In August, as part of the 50th anniversary weekend to celebrate the original Letterkenny Folk Festival, the Museum hosted an exhibition of memorabilia relating to the Festival. The material on display included photographs, programmes, leaflets and tickets from the collections of Sally Blake and Billy Watson.

Throughout the year, the Museum hosted a number of exhibitions on loan from other organisations. These included; *World War I: Ireland's Humanitarian Effort* in association with St John's Ambulance; The *Devouring* in association with Derry City and Strabane District Council; *Facing Change* in association with *Genio*; and *The Clady Hydro Electric Scheme* in association with the ESB.

## An Clár Imeachtaí agus For-rochtana

Bhí raon leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúla san áireamh i gclár imeachtaí an Mhúsaeim agus reáchtáladh iad sa Mhúsaem agus, chomh maith leis sin, in ionaid ar fud an chontae, lena n-áirítear imeachtaí a eagraíodh le linn Fhéile na Bealtaine, Sheachtain na hOidhreachta, Oíche Chultúir agus Wainfest. Ina measc sin, áiríodh ceardlanna scoile a chuir *Dark Daughter Productions* ar fáil agus a raibh an imirce mar théama acu; sraith seisiún cuimhneacháin in ionaid lae agus in ospidéil phobail; ceardlanna ginealais le linn Nasc Dhún na nGall; seimineár dar teideal *'Comóradh 120 Bliain den Rialtas Áitiúil': Guthanna Nua a Cheiliúradh'; All Aboard the Donegal Railways* i gcomhar le hIonad Oidhreachta Iarnróid Dhún na nGall; ceardlanna *Archaeology Box* i scoileanna; agus cainteanna faoi ábhair éagsúla.

## Events and Outreach Programme

The Museum events programme encompassed a wide variety of activities and events both in the Museum and in venues throughout the county, including those organised during the Bealtaine Festival, Heritage Week, Culture Night and Wainfest. These included school workshops, with *Dark Daughter Productions*, on the theme of emigration; a series of reminiscence sessions in day centres and community hospitals; genealogy workshops during Donegal Connect; a seminar entitled *'Marking 120 years of Local Government: Celebrating new voices'; All Aboard the Donegal Railways* in association with the Donegal Railway Heritage Centre; *Archaeology Box* workshops in schools; and talks on a variety of subjects.



*Cainteoirí ag an Seimineár Seandálaíochta, An tIonad Cultúir Réigiúnach, an 19 Deireadh Fómhair 2019. An líne thosaigh (C-D) Fionbarr Moore, Caroline Carr. An líne lár báire (C-D) Nessa O'Connor, Judith McCarthy, Sharon Green. An líne deiridh (C-D) Michael McGlynn, Niall McShane, Mary Deevy.*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

*Speakers at the Archaeology Seminar, Regional Cultural Centre, 19th October 2019. Front row (L-R) Fionbarr Moore, Caroline Carr. Middle Row (L-R) Nessa O'Connor, Judith McCarthy, Sharon Green. Back Row (L-R) Michael McGlynn, Niall McShane, Mary Deevy.*
Photograph: Donegal County Museum


Messuages
Columbia



# Seirbhís Cartlainne

Tá sé mar chúram ar an tSeirbhís Chartlainne oidhreacht chartlainne mhuintir Dhún na nGall a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta a bheidh ann amach anseo. Déantar iarracht é sin a dhéanamh trí, fháil, catalógú, caomhnú agus stóráil shlán bailiúcháin chartlainne de bhunús poiblí agus príobháideach a bhaineann le stair agus le cultúr Dhún na nGall, agus trí rochtain a chur ar fáil don phobal chun a cartlann. Oibríonn an tSeirbhís Chartlainne i gcomhpháirtíocht le cuid mhór grúpaí agus eagraíochtaí.

# Archives Service

The Archives Service's remit is to preserve and make accessible the archival heritage of the people of County Donegal. It does this through the acquisition, cataloguing, conserving and secure storage of collections of public and private origin which relate to the history and culture of Donegal, and through the provision of public access to its archives. The Archives Service works in partnership with many groups and organisations.

*I láthair nuair a tugadh cartlanna Loch Ghleann Bheatha ar láimh ag Ionad Oideachais agus Traenála Allamuigh Ghartáin: Niamh Brennan, Ray McDermott, Charlie Callaghan agus an Comh. Michael McBride, Iúil 2019*
Grianghraf: Caroline Carr

*At the handover of the Lough Veagh archives at Gartan Outdoor Education and Training Centre: Niamh Brennan, Ray McDermott, Charlie Callaghan and Cllr. Michael McBride, July 2019*
Photograph: Caroline Carr

## Ábhar a Fháil agus a Phróiseáil

I measc na n-ábhar a fuair an Chartlann sa bhliain 2019, áirítear an méid seo a leanas: Tuarascálacha Dhochtúir Oifigiúil Dhún na nGall (1930 - 1963); léarscáileanna éagsúla de chuid na bliana 1876; póstaeir de chuid Féilte ceoil tíre; Ábhair Chartlainne Chlub Gailf Leitir Ceanainn.

Bhí Coimisinéirí Baile Leitir Ceanainn, Iascach Bhéal Átha Seanaidh, Eastát Murray Stewart (cuid 2) agus Bailiúcháin Scoil Náisiúnta na Ráithe agus Bhun an Phobail liostaithe go hiomlán sa bhliain 2019.

## Acquisition and Processing

Archives acquired in 2019 included: Donegal Medical Officer Reports (1930 – 1963); various maps; a rare electoral register from 1876; Folk Festivals posters; Letterkenny Golf Club Archive.

Letterkenny Town Commissioners, Ballyshannon Fisheries, Murray Stewart Estate (tranche 2) and Ray and Moville National School Collections were fully listed in 2019.




*Póstaer Fhéile Cheoil Tíre Bhéal Átha Seanaidh a bronnadh ar Chartlann an Chontae in 2019*
Grianghraf: Chartlann Chontae Dhún na nGall

*Ballyshannon Folk Festival poster, donated to the County Archives in 2019*
Photograph: Donegal County Archives

## Tionscadail chomhoibríocha:

### Cothrom Céad Bliain na Chéad Dála

Chomhoibrigh an tSeirbhís Chartlainne le seirbhísí eile chun imeacht speisialta de chuid na Comhairle a eagrú le haghaidh Chothrom Céad Bliain na Chéad Dála. Ba é an Cathaoirleach, an Comhairleoir Séamus Ó Domhnaill, a lainseáil an t-imeacht ar an 10 Aibreán. Labhair an staraí, Anthony Begley, faoi thábhacht stairiúil na hócáide comórtha céad bliain. D'ullmhaigh an Chartlann agus an Músaem taispeántas taistil agus leabhrán dátheangach dar teideal: *Donegal, the 1918 General Election and the First Dáil; Dún na nGall, Olltoghchán 1918* agus an Chéad Dáil, inar tugadh mionsonraí faoi imeachtaí stairiúla agus beathaisnéisí an cheathrar fear a toghadh sa toghchán. Tugadh an taispeántas chuig cuid mhór áiteanna sa chontae i rith na bliana.

### Celebrating the history of Irish local government, Ag Ceiliúradh Stair Rialtas Áitiúil na hÉireann

I gcomhpháirtíocht le baill eile de ghrúpa na gCartlannaithe agus na mBainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil (LGARM), d'ullmhaigh an tSeirbhís Chartlainne mórthaispeántas taistil dátheangach chun ceiliúradh a dhéanamh ar 120 bliain den rialtas áitiúil daonlathach: *Celebrating the History of Irish Local Government, Ag ceiliúradh stair Rialtas Áitiúil na hÉireann*. Ba í an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil a mhaoinigh an taispeántas agus bhí gach údarás áitiúil páirteach ann. Insíonn gach painéal cuid den scéal a bhaineann le nithe atá bainte amach ag údaráis áitiúla ar fud an 20ú haois agus sa chéad chuid den 21ú haois in Éirinn.

## Collaborative projects:

### First Dáil Centenary

The Archive Service collaborated with other services in organising a special Council event for the Centenary of the First Dáil. The event was launched by An Cathaoirleach, Councillor Seamus Ó Domhnaill on 10th April. Historian Anthony Begley spoke of the historical significance of the centenary. The Archives and Museum produced a travelling exhibition and bilingual booklet entitled: *Donegal, the 1918 General Election and the First Dáil; Dún na nGall, Olltoghchán 1918 agus an Chéad Dáil*, detailing the historic events and providing biographies of all four elected men. The exhibition travelled widely throughout the county during the year.

### Celebrating the history of Irish local government, Ag Ceiliúradh Stair Rialtas Áitiúil na hÉireann

The Archives Service partnered with other members of the Local Government Archivists and Records Managers group (LGARM) in producing a major travelling bi-lingual exhibition to celebrate 120 years of democratic local government: *Celebrating the History of Irish Local Government, Ag ceiliúradh stair Rialtas Áitiúil na hÉireann*. It was funded by the Department of Housing, Planning & Local Government and each local authority involved. Each panel tells a part of the story of the achievements of local authorities throughout 20th and early 21st century Ireland.

## Taispeántas: Donal MacPolin

Sa bhliain 2018, bhronn an tógálaí traidisiúnta bád agus an t-ealaíontóir, Donal MacPolin, na léaráidí, na grianghraif agus na doiciméid a bhí cruthaithe aige i rith a shaoil ar Chartlann an Chontae. Cuireadh an bailiúchán ar fad ar taispeáint i Músaem an Chontae mar chuid d'Fhéile Ealaíon an Earagail sa bhliain 2019. Ba chomhthionscadal é sin a raibh an Músaem, an Chartlann, an Oifig Oidhreachta, an tIonad Cultúir Réigiúnach agus Féile Ealaíon an Earagail páirteach ann.

## Exhibition: Donal MacPolin

In 2018, traditional boat builder and artist, Donal MacPolin, donated his lifework of illustrations, photographs and documentation, to the County Archives. The entire collection was exhibited at the County Museum as part of the Earagail Arts Festival in 2019. This was a joint project of the Museum, Archives, Heritage Office, RCC, and the Earagail Arts Festival.

## Nasc Dhún na nGall/Ginealas

Ghlac an tSeirbhís Chartlainne páirt i bhféile 'Nasc Dhún na nGall' i mí Dheireadh Fómhair. D'eagraigh baill foirne de chuid an Rannáin Cultúir ceardlanna ginealais in Ionad Seirbhíse Poiblí Dhún na nGall agus sa Phríomh-Leabharlann i Leitir Ceanainn. D'eagraigh an Cartlannaí ceardlann den chineál céanna in éineacht le Cartlann Chathair Dhoire sa tSrath Bán i mí na Samhna.

D'ullmhaigh an Rannán Cultúir foilseachán dar teideal *'Your Donegal Family: A Guide to Tracing your Donegal Ancestors'*, agus é mar aidhm aige cuidiú le daoine stair a dteaghlaigh a rianú.

## Donegal Connect / Genealogy

The Archives Service took part in the Donegal Connect festival in October. Culture Division staff gave genealogy workshops in Donegal PSC and in Central Library, Letterkenny. The Archivist gave a similar workshop with Derry City Archives in Strabane in November.

Culture Division produced a publication, *Your Donegal Family: A Guide to Tracing your Donegal Ancestors*, aimed at assisting researchers in tracing their family history.

## Taispeántas: Halla na nOráisteach sa Bhaile Nua

Tugadh cúnamh do Halla na nOráisteach; agus cuireadh leabhair mhiontuairiscí na Comhairle Ceantair Tuaithe ar iasacht le haghaidh taispeántas maidir le hoirthear Dhún na nGall agus Deich mBliana na gCuimhneachán.

## Exhibition: Orange Hall Newtowncunningham

Assistance was provided to the Orange Hall; and Rural District Council minute books were loaned for an exhibition regarding east Donegal and the Decade of Centenaries.

## Éire Ildánach

Rinneadh *Pacáiste Oideachais 1916 Chontae Dhún na nGall* a athphriontáil agus rinneadh cuid de phacáiste oideachais *Dheich mBliana na gCuimhneachán* a aistriú le maoiniúchán a fuarthas ó Éire Ildánach.

## Creative Ireland

*The County Donegal 1916 Education Pack* was reprinted and the Decade of Centenaries education pack was in part translated with *Creative Ireland* funding.




*Andrew McKane, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; Keith Roulston, halla Oráisteach an Bhaile Nua; An Comhairleoir Nicholas Crossan, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Dhún na nGall; An Comhairleoir Paul Canning; agus Samuel Beckton, le leabhair miontuairiscí Chartlann Chontae Dhún na nGall ar taispeáint, Samhain 2019*
Grianghraf: Stewart McClean

*Andrew McKane, Derry City and Strabane District Council; Keith Roulston, Newtowncunningham Orange hall; Cllr Nicholas Crossan, Chairperson, Donegal County Council; Cllr Paul Canning; and Samuel Beckton, with Donegal County Archives minute books on exhibition, November 2019*
Photograph: Stewart McClean


TOILETS

## Tionscadail Digitiúcháin

Uaslódáladh *The Collection of Joseph Murray* (gníomhaí de chuid Chogadh na Saoirse) chuig leathanaigh idirlín Chartlann na Comhairle. Mar chuid dár dtionscadal comhoibríoch, uaslódáladh ábhair chartlainne dhigitithe an Bhoird Caomhnóirí chuig an láithreán gréasáin dar teideal *Find My Past*. Tá an t-ábhar sin ar fáil anois lena léamh ag Leabharlanna Contae Dhún na nGall.

## Féilte agus Imeachtaí

Bhí an tSeirbhís Chartlainne 20 bliain d'aois sa bhliain 2019 agus bhí gníomhaíochtaí for-rochtana go mór chun tosaigh i mbliana.

Ghlac an tSeirbhís páirt i bhféilte na Bealtaine, Oíche Chultúir agus Sheachtain na hOidhreachta. I measc na gcuimhneachán agus na gcainteanna a bhí ann áiríodh an méid seo a leanas: Seandaoine Gníomhacha an Chlocháin Léith; Club na hAoine i Leifear; ionaid lae Phort Nua, Inbhir agus an Chraoslaigh; Men's Sheds i gCaisleán na Finne; agus Grúpa Staire Raymoghy. I measc na dtéamaí a pléadh le linn cainteanna/léachtaí áiríodh 20 Collections, *20 Years of Donegal County Archives, Starvation and Survival: Inishowen Workhouse during the Great Famine and Donegal & the First Dáil* – cuireadh ar fáil don phobal é i Músaem an Chontae; agus cuireadh ar fáil do Ghrúpa Staire Iarthar Inis Eoghain (dhá chaint), do ghrúpa Staire & Oidhreachta Chionn Mhálanna agus do Dheireadh Seachtaine Oidhreachta Colgan i gCarn Domhnach. Thug an cartlannaí léacht mar chuid de shraith imeachtaí le linn Thaispeántas Iomráiteach an Ghorta dar teideal *Coming Home/Ag Teacht Abhaile* sa Chultúrlann i nDoire i mí Feabhra.

## Digitisation Projects

*The Collection of Joseph Murray* (War of Independence activist) was uploaded on the Council Archives web pages. The Board of Guardians digitised archives were uploaded to the *Find My Past* website as part of our collaborative project. These are now freely accessible to view at Donegal County Libraries.

## Festivals and events

The Archives Service was 20 years old in 2019, and outreach activities featured largely this year.

The Service took part in the festivals of Bealtaine, Culture Night and Heritage Week. Reminiscences and talks included: Active Age Dungloe; Lifford Friday Club; Portnoo, Inver, Carrigart and Creeslough day centres; Men's Shed Castlefin; and Raymoghy History Group. Talks given included 20 Collections, *20 Years of Donegal County Archives, Starvation and Survival: Inishowen Workhouse during the Great Famine and Donegal & the First Dáil* – for the public in the County Museum; for the West Inishowen History Group (two talks), Malin Head History & Heritage group, and for the Colgan Heritage Weekend in Carndonagh. The archivist gave a lecture as part of a series of events for the renowned *Coming Home* Famine Exhibition in the Cultúrlann in Derry in February.

*Ag déanamh taighde ar Theach na mBocht Inis Eoghain, le linn Dheireadh Seachtaine Oidhreachta Colgan, Ionad Oidhreachta Colgan, Carn Domhnach, Meitheamh 2019.*
Grianghraf: Donegal County Archives

*Researching Inishowen Workhouse at the Colgan Heritage Weekend, Colgan Heritage Centre, Carndonagh, June 2019*
Photograph: Donegal County Archives

## Ár gcuid Taispeántas a chur i láthair an phobail

Cuireadh *A Trek through Time* ar taispeáint in Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith agus in Ionad Seirbhíse Poiblí Bhaile na nGallóglach. Cuireadh Turas tríd an Stair ar taispeáint in Amharclann Ghaoth Dobhair agus, i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge, i dTeach Cúirte Leifir (ar Oíche Chultúir) agus le linn Deireadh Seachtaine Tumchláir Gaeilge i nGaoth Dobhair. Reáchtáladh taispeántas na *Chéad Dála* i dTeach an Chontae, i Músaem an Chontae, i Halla Colgan agus le linn Scoil Samhraidh MacGill. Tugadh *Ceiliúradh 120 Bliain den Rialtas Áitiúil* ar cuairt chuig an Phríomh-Leabharlann, chuig Músaem an Chontae agus chuig Ionad Seirbhíse Poiblí Dhún na nGall.

Cuireadh taispeántas beag faoin Chéad Dáil ar siúl i limistéir taispeántas na Cartlainne i Leifear.

## Displaying our Exhibitions

*A Trek through Time* was displayed at Dungloe PSC and Milford PSC. Turas Tríd Stair was at Amharclann Ghaoth Dobhair, and, in collaboration with an Oifigeach Gaeilge, at the Courthouse Lifford (for Culture Night) and at a Language Immersion Weekend in Gaoth Dobhair. The *First Dáil* exhibition was in the County House, County Museum, Colgan Hall and MacGill Summer School. *Celebrating 120 Years of Local Government* toured to Central Library, County Museum and to Donegal PSC.

A small exhibition on the First Dáil was presented at the Archives exhibition area, Lifford.

## Peace IV

Rinneadh tionscadal *Echoes of the Decade* - Peace IV a bhaineann le torthaí Dheich mBliana na gCuimhneachán i nDún na nGall a lainseáil sa bhliain 2019 agus earcaíodh comhordaitheoir an tionscadail a bhfuil tús le cur leis i mí Eanáir 2020.

## Peace IV

The *Echoes of the Decade* Peace IV project relating to the legacy of the Decade of Centenaries in Donegal was launched in 2019 and the co-ordinator of the project was recruited, to commence in January 2020.

## Poiblíocht

Rinneadh taispeántas íomhánna chun ceiliúradh a dhéanamh ar 20 bliain de Chartlann Chontae Dhún na nGall a uaslódáil ar Facebook agus ar Twitter agus comhroinneadh é go han-mhinic.

Lainseáladh cartlann Loch Ghleann Bheatha sa bhliain 2019.

Scríobhadh ailt le haghaidh Nuachtlitir an Chumainn Cartlainne & Taifead agus le haghaidh *The Grapevive*.

## Publicity

An exhibition of images, celebrating 20 years of Donegal County Archives, was uploaded on Facebook and Twitter and shared many times.

The Lough Veagh Archive was launched in 2019.

Articles were written for the Archives & Records Association Newsletter and *The Grapevine*.

*An Chathaoirleach, an Comh. Seamus O'Domhnaill leis an Chomh. Gerry McMonagle, an Comh. Martin Harley, Judith McCarthy, Niamh Brennan, Caroline Carr, Donna Cavanagh agus Una Mathewson ag imeacht comórtha speisialta i dTeach an Chontae, an 10 Aibreán chun an chéad Dáil a chomóradh.*
Grianghraf: Comhairle Chontae Dhún na nGall

*Cathaoirleach Cllr. Seamus O'Domhnaill with Cllr. Gerry McMonagle, Cllr. Martin Harley, Judith McCarthy, Niamh Brennan, Caroline Carr, Donna Cavanagh and Una Mathewson at a special commemorative event in the County House, 10 April 2019 to mark the first sitting of the Dáil.*
Photograph: Donegal County Council



## Comhairle, taighde, cúnamh agus tacaíocht

I measc na dtaighdeoirí ar cuidíodh leo le litir, leis an ghuthán, le ríomhphost, le meáin shóisialta agus i seomra taighde na Seirbhíse Cartlainne áiríodh baill foirne agus comhaltaí na Comhairle Contae; scoileanna; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus TUSLA; mic léinn agus acadóirí; staraithe teaghlaigh agus cúrsaí áitiúla; grúpaí oidhreachta; taighdeoirí neamhspleácha; léiritheoirí teilifíse agus scannánaíochta; agus iriseoirí.

## Bainistiú Taifead

Bhainistigh an tSeirbhís Chartlainne taifid thaiscthe neamhreatha Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus rinne an tseirbhís moltaí maidir le caomhnú ábhar cartlainne agus maidir le diúscairt taifead. Déileáladh le fiosruithe faoi bhainistiú taifead agus scrúdaíodh agus taisceadh taifid.

Bhainistigh an Cartlannaí stóráil taifead i gCill Tuaidh, i Leitir Ceanainn agus in Ionad na dTrí Abhainn agus d'oibrigh chun a áirithiú go mbeadh teacht níos fearr ag taighdeoirí ar shaoráidí sheomra taighde na Cartlainne agus go mbeadh an oifig níos oiriúnaí don fhoireann.

## Advice, research, assistance and support

Researchers assisted by letter, phone, email, social media and at the Archives Service research room included staff and members of the County Council; schools, the HSE and TUSLA; students and academics; family and local historians; heritage groups; independent researchers; television and film producers; and journalists.

## Records Management

The Archives Service managed Donegal County Council's deposited non-current records and made recommendations regarding the preservation of archives and disposal of records. Records management queries were dealt with and records were surveyed and deposited.

The Archivist managed records storage areas in Kiltoy Letterkenny, and in the Three Rivers Centre and worked on making the Archives research room facilities more accessible for researchers and the office more suitable for staff.

## LGARM

Ghníomhaigh an cartlannaí mar leaschathaoirleach ar ghrúpa Chartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead an Rialtais Áitiúil (LGARM) agus d'fhreastail an cartlannaí ar na cruinnithe uilig i mBaile Átha Cliath chomh maith le páirt a ghlacadh i ngníomhartha éagsúla lena n-áirítear mórthaispeántas, beartais, comhthionscadail de chuid Dheich mBliana na gCuimhneachán, forbairt straitéise nua agus uasdátú an Bheartais Náisiúnta maidir le hAisghabháil Taifead.

## Ag Obair sa Chartlann

D'éascaigh an tSeirbhís Chartlainne socrúchán oibre do Mhac Léinn Máistreachta Staidéar Cartlainne de chuid Ollscoil Mhá Nuad aon lá amháin sa tseachtain i rith na bliana agus, chomh maith leis sin, éascaíodh mac léinn Idirbhliana ag deireadh na bliana. Fostaíodh mac léinn i rith mhíonna an tsamhraidh.

## LGARM

The archivist was vice-chair of the Local Government Archivists and Records Managers group (LGARM), attending all meetings in Dublin, and involved in various actions including a major exhibition, policies, Decade of Centenaries joint projects, development of a new strategy and updating the National Records Retention Policy.

## Working at the Archives

The Archives Service facilitated the work placement of a Maynooth University Masters Student in Archival Studies one day a week for the year and also facilitated a Transition year student in the latter part of the year. A student was employed over the summer months.

# Oifig Oidhreachta

Is é atá mar ról ag Oifig Oidhreachta Comhairle Chontae Dhún na nGall cur le feasacht, comhairle a thabhairt, sonraí a bhailiú agus sárchleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht chultúrtha, tógtha agus nádúrtha. Déanann an Oifig Oidhreachta maoirseacht ar chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta an Chontae i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. D'fhreastail Oifigigh Oidhreachta as áiteanna ar fud na tíre ar fháiltiú a d'óstáil an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn in Áras an Uachtaráin i Meán Fómhair chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom 20 bliain *Chlár na nOifigeach Oidhreachta*.

# Heritage Office

The role of the County Donegal Heritage Office is to raise awareness, provide advice, collect data and promote best practice in relation to our cultural, built and natural heritage. It oversees the implementation of the County Heritage Plan in partnership with the County Heritage Forum. Heritage Officers from around the country attended a reception at Áras an Uachtaráin in September hosted by President Michael D. Higgins to celebrate the 20th anniversary of the *Heritage Officer Programme*.





Sa phictiúr seo a glacadh ag fáiltiú in Áras an Uachtaráin chun 20 bliain de Chlár na nOifigeach Oidhreachta a cheiliúradh, tá Oifigí Oidhreachta ó ar fud na hÉireann, an tUachtarán Michael D. Higgins (suite sa lár), Michael Parsons (Cathaoirleach Bhord na Comhairle Oidhreachta), Virginia Teehan (Príomhfheidhmeannach, An Chomhairle Oidhreachta) agus foireann na Comhairle Oidhreachta agus na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Grianghraf: Áras an Uachtaráin

*Heritage Officers from across Ireland pictured with President Michael D. Higgins (seated centre), Michael Parsons (Chair of the Heritage Council Board), Virginia Teehan (Chief Executive, The Heritage Council) and staff of The Heritage Council and the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht at a reception in Áras an Uachtaráin to celebrate the 20th anniversary of the Heritage Officer Programme*
Photograph: Áras an Uachtaráin

## Oidhreacht Éireann 2030

Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta tús le próiseas ullmhúcháin Plean Oidhreachta Náisiúnta nua *(Oidhreacht Éireann 2030)* ar plean é a threoróidh tosaíochtaí, acmhainní agus maoiniúchán oidhreachta sna deich mbliana atá díreach romhainn. Fuarthas cúnamh ó Oifigigh Oidhreachta ar fud na tíre chun cuidiú le heagrú imeachtaí faisnéise agus chun aighneachtaí a spreagadh. Sheol an Rannán Cultúir dhá imeacht faisnéise phoiblí i mí Feabhra. Ba é Dún na nGall an contae ina bhfuarthas an líon is mó aighneachtaí per capita in Éirinn. D'óstáil an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta imeacht faisnéise *Oidhreacht Éireann 2030* i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Bealtaine chun eolas cothrom le dáta a thabhairt do dhaoine faoin dul chun cinn maidir le hullmhú Plean Oidhreachta Náisiúnta nua agus iarradh ar chúigear Oifigeach Oidhreachta (agus Oifigeach Oidhreachta Dhún na nGall san áireamh) cur i láthair gairid a thabhairt os comhair lucht éisteachta ina raibh thart ar 300 duine maidir le riachtanais na hearnála oidhreachta.

## Heritage Ireland 2030

The Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht started the process to prepare a new National Heritage Plan *(Heritage Ireland 2030)* that will direct heritage priorities, resources and funding for the next decade. It solicited the assistance of Heritage Offices around the country to help organise information events and encourage submissions. The Culture Division held two public information events in February. Donegal was the county with the most number of submissions per capita in Ireland. The Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht hosted the *Heritage Ireland 2030* information event in Dublin Castle in May to update people on progress towards the preparation of the new National Heritage Plan and five Heritage Officers (including the County Donegal Heritage Officer) were invited to give lightning presentations to an audience of about 300 people on the needs of the heritage sector.

*Sa phictiúr seo a glacadh i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath ag seoladh an phróisis comhairliúcháin d'Oidhreacht Éireann 2030, Plean nua Náisiúnta na hÉireann maidir le hOidhreacht, tá (ó chlé go deas): Ciara Carberry (Oifigeach Cúnta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta), Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Dhún na nDall), Shirley Clerkin (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Mhuineacháin & Cathaoirleach, Líonra Oifigigh Oidhreachta an Údaráis Áitiúil) & Michael Mac Donagh (Príomh-Sheandálaí, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta)*
Grianghraf: An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta

*Pictured in the Custom House, Dublin at the launch of the public consultation process for Heritage Ireland 2030, Ireland's new National Heritage Plan, are (from left to right): Ciara Carberry (Assistant Principal, Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht), Joseph Gallagher (Heritage Officer, Donegal County Council), Shirley Clerkin (Heritage Officer, Monaghan County Council & Chairperson, Local Authority Heritage Officer Network) & Michael Mac Donagh (Chief Archaeologist, National Monuments Service, Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht)*
Photograph: Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Heritage Ireland 2030
Have your say...
www.chg.gov.ie/heritage/heritageireland2030



*Bhí an foirgneamh ceann tuí seo i Srath Buí, i nGleann Cholm Cille i measc na bhfoirgneamh ceann tuí ar cuireadh tacaíocht ar fáil ina leith faoin Scéim Deontais phíolótach um Dheisiú Ceann Tuí*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*This rope thatched property at Straboy, Glencolmcille, was among the thatched structures supported under the pilot Thatch Repair Grants Scheme*
Photograph: Joseph Gallagher

## Tionscnaimh a bhaineann leis an Oidhreacht Thógtha

Chuir an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Chaomhantais tús le *Scéim Deisithe Ceann Tuí* chun comhairle speisialtóireachta a chur ar fáil d'úinéirí maidir le caomhnú a ndéanmhas ceann tuí agus chun maoiniúchán a leithroinnt ar mhaithe le deisiúcháin bheagscála ceann tuí a dhéanamh faoi mhaoirseacht chaomhantais. Chomh maith le cinn tuí stairiúla a shainaithint agus a chaomhnú, chuir an scéim faisnéis thábhachtach ar fáil faoi ábhair/mhodhanna ar ghnách iad a úsáid, faoi thuíodóirí áitiúla agus faoi na dúshláin atá ann d'úinéirí tí ceann tuí. Fuarthas freagra ollmhór ón phobal agus thacaigh an scéim le 12 thionscadal deisithe ceann tuí.

Mar chuid de Chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta DNK Media chun físeáin ghearra a ullmhú maidir le scileanna traidisiúnta tógála i gContae Dhún na nGall, lena n-áirítear tuíodóireacht a dhéanamh, deisiú saisfhuinneog agus úsáid moirtéil aoil.

D'ullmhaigh an Oifig Oidhreachta an leabhrán dar teideal *Donegal Traditional Shop Fronts & Signage* leis an ailtire agus leis an chraoltóir Orla Murphy. Bíonn tionchar mór ag éadanais siopa, ina n-aonar agus in éineacht lena chéile, ar charachtar, ar cháilíocht agus ar tharraingteacht áite ina hiomláine. Déanann an leabhrán tagairt don dea-chleachtas agus spreagann sé idirghabhálacha cuí, íogaire, eolasacha i ndáil lenár gcuid éadanas siopa, lenár gcomharthaí dúchasacha agus lenár sráid-dreacha stairiúla.

## Built Heritage Initiatives

The Heritage Office and the Conservation Office initiated a *Thatch Repair Grants Scheme* to provide specialist advice to owners on the conservation of their thatched structures and to allocate funding for small-scale thatch repairs under conservation supervision. As well as identifying and conserving historic thatch, the scheme yielded important information on thatching materials/methods, local thatchers and the challenges facing thatch homeowners. The public response to the scheme was overwhelming and the scheme supported 12 thatch repair projects.

As part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan, the Heritage Office commissioned DNK Media to produce short videos on traditional building skills in County Donegal included thatching, sash window repair and the use of lime mortar.

The Heritage Office produced the *Donegal Traditional Shop Fronts & Signage* booklet by architect and broadcaster Orla Murphy.  Shopfronts, both individually and collectively, have a major impact on the overall character, quality and attractiveness of place. The booklet draws upon best practice and encourages appropriate, sensitive and informed interventions in relation to our traditional shopfronts, vernacular signage and historical streetscapes.

## Tionscnamh na mBailte Stairiúla

D'éirigh le hiarratas Chomhairle Chontae Dhún na nGall chuig Tionscnamh na mBailte Stairiúla maidir le Lána an hEaglaise i Leitir Ceanainn agus, i mí an Mhárta, bhronn an Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta maoiniúchán €200,000 ina leith. Ba iad an tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Caomhantais, i gcomhpháirtíocht le Coiste Cheantar Ardeaglais Leitir Ceanainn, le Dedalus Architecture agus le húinéirí agus cónaitheoirí áitiúla, a d'ullmhaigh agus a bhainistigh an tionscnamh. Thacaigh an tionscnamh le hoibreacha caomhantais i ndáil le seacht maoin lena n-áirítear deisiú dín agus simléir, suiteáil earraí iarainn theilgthe uisce báistí, athbhunú saisfhuinneog agus doirse adhmaid, rindreáil aoil nó pointeáil aoil, agus deisiú éadanais siopa stairiúil trí ábhair thraidisiúnta a úsáid agus trí dhea-chleachtas caomhantais a chur i bhfeidhm. Bhí an maoiniúchán a bhronn an Chomhairle Oidhreachta ar an leithroinnt ab airde a bronnadh i dtaca leis na sé bhaile in Éirinn a fuair maoiniúchán. Mar chuid de 'Oíche Chultúir', d'eagraigh Coiste Cheantar Ardeaglais Leitir Ceanainn turas siúil dar teideal '*Cónaitheoirí Lána na hEaglaise*' i gcomhair leis an Oifig Oidhreachta agus leis an Oifig Chaomhantais.

## Lainseáil an Iniúchta ar Oidhreacht Chultúir Cholm Cille

D'fhreastail os cionn 80 duine ar lainseáil an Iniúchta ar *Oidhreacht Chultúir Cholm Cille* in Ionad Oidhreachta Cholm Cille i nGartán agus bhí os cionn 50 duine i láthair ag an lainseáil sa Halla Cathrach i nDoire ag deireadh mí Feabhra. Mar chuid de na himeachtaí lainseála áiríodh cur i láthair ag Neil Jackman, ag Abarta Heritage agus ag an Dr. Brian Lacey. San iniúchadh sin, leagtar amach láithreáin thábhachtacha, áiteanna tábhachtacha, réada tábhachtacha agus ábhair chartlainne thábhachtacha oidhreachta atá bainteach le N. Colm Cille agus soláthraítear moltaí le haghaidh chomóradh na bliana 2021 ar chothrom 1,500 bliain bhreith an naoimh a bheidh á reáchtáil ar bhonn comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla. Tá an t-iniúchadh ar fáil ar líne ar láithreán gréasáin Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (www.donegalcoco.ie/heritage).

## Historic Towns Initiative

Donegal County Council's application for Church Lane, Letterkenny to the Historic Towns Initiative was successful and was awarded €200,000 in funding from The Heritage Council & the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht in March. The initiative was prepared and managed by the Heritage Officer and the Conservation Officer in partnership with the Letterkenny Cathedral Quarter Committee, Dedalus Architecture and local owners and residents. The initiative supported conservation works to seven properties including roof and chimney repairs, installation of cast-iron rainwater goods, reinstatement of timber sash windows and doors, application of lime render or lime pointing, and the repair of a historic shopfront using traditional materials and informed by best conservation practice. The funding awarded by the Heritage Council was the largest allocation of the six towns in Ireland awarded funding. As part of 'Culture Night', the Letterkenny Cathedral Quarter Committee in association with the Heritage Office and Conservation Office presented a '*Residents of the Church Lane*' walking tour.

## Launch of Audit of Columban Cultural Heritage

Over 80 people attended the launch of the *Audit of Columban Cultural Heritage* in the Colmcille Heritage Centre, Gartan and over 50 people attended the launch in The Guildhall, Derry in late February. The launch events included presentations by Neil Jackman, Abarta Heritage and Dr. Brian Lacey. The audit sets out key heritage sites, places, objects and archives associated with St. Colmcille and provides suggestions for the 1,500th commemoration of his birth in 2021 based on consultations with a variety of stakeholders. The audit is available on-line on the County Donegal Heritage Office website (www.donegalcoco.ie/heritage).




*Sa phictiúr a glacadh taobh amuigh de na foirgnimh stairiúla a caomhnaíodh mar chuid de Thionscnamh na mBailte Stairiúla ar Lána na hEaglaise, Leitir Ceanainn tá baill de Cheantar Ardeaglais Leitir Ceanainn, Cumann Áitritheoirí Lána na hEaglaise Íochtarach, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Dedalus Architecture, An Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.*
Grianghraf: Clive Wasson

*Pictured outside some of the historic buildings conserved as part of the Historic Towns Initiative on Church Lane, Letterkenny, are members of the Letterkenny Cathedral Quarter, Lower Church Lane Residents' Association, Donegal County Council, Dedalus Architecture, The Heritage Council and the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht.*
Photograph: Clive Wasson

## Oideachas & Feasacht

Bhí Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar siúl ón 17 Lúnasa go dtí an 25 Lúnasa agus d'éirigh go han-mhaith leis. Is iad an Chomhairle Oidhreachta agus Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil a chomhordaíonn Seachtain na hOidhreachta i gContae Dhún na nGall agus d'eagraigh nó d'óstáil an Rannán Cultúir os cionn 20 imeacht. D'ullmhaigh an Oifig Oidhreachta *County Donegal Heritage Week Event Guide*, ar treoir phóca í a mbíonn an-tóir uirthi agus ba é an Comhairleoir Nicholas Crossan, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Dhún na nGall, a lainseáil í ar an 1 Lúnasa i Músaem an Chontae. Rinne Ionad Oideachais Dhún na nGall, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, Iascaigh Intíre Éireann agus an Oifig Oidhreachta Cúrsa CPD dar teideal *Learning through the Landscape* a reáchtáil do Mhúinteoirí Bunscoile i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha ag tús mhí Iúil. Mar chuid de Wainfest, agus i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne an Chontae, choimircigh an Oifig Oidhreachta Éanna Ní Lamhna chun dul i mbun Ceardlanna 'Gnáthóga Cruthaitheacha' do Phaistí i Leifear, i mBaile Suingean, sa Chlochán Liath, san Fhál Carrach & i Srath an Urláir i mí Dheireadh Fómhair.

*Lucht eagraithe Sheachtain na hOidhreachta agus aíonna taobh amuigh de Mhúsaem Chontae Dhún na nGall nuair a seoladh Leabhrán Imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí Lúnasa in éineacht leis an Chomh. Nicholas Crossan (Cathaoirleach, Comhairle Chontae Dhún na nGall), John McLaughlin (Príomhfheidhmeannach Gníomhach, Comhairle Chontae Dhún na nGall) agus Eddie O'Kane (Cathaoirleach, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall)*
Grianghraf: Aideen Tighe

*Heritage Week event organisers and guests pictured outside Donegal County Museum at the launch of the County Donegal Heritage Week Event Guide in August with Cllr. Nicholas Crossan (Cathaoirleach, Donegal County Council), John McLaughlin (Acting Chief Executive, Donegal County Council) and Eddie O'Kane (Chairperson, County Donegal Heritage Forum)*
Photograph: Aideen Tighe

## Education & Awareness

National Heritage Week took place from 17th - 25th August and was a tremendous success. Heritage Week is coordinated by The Heritage Council and Local Authority Heritage Officers and there were over 120 events taking place for Heritage Week in County Donegal with over 20 events organised or hosted by the Culture Division. The Heritage Office produced the highly-popular, pocket-sized *County Donegal Heritage Week Event Guide* and it was launched by Cllr. Nicholas Crossan, Cathaoirleach, Donegal County Council on 1st August in the County Museum. The Donegal Education Centre, National Parks & Wildlife Service, Inland Fisheries Ireland and the Heritage Office ran the *Learning Through The Landscape* CPD Course for Primary Teachers in Glenveagh National Park in early July. As part of Wainfest and in association with the County Library Service, the Heritage Office sponsored Éanna Ní Lamhna to undertake Creative Habitats Workshops for Children in Lifford, St. Johnston, Dungloe, Falcarragh & Stranorlar in October.



## Tionscnaimh maidir le Fiadhúlra

I gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann, fuair an Oifig Oidhreacht €15,154 ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra le haghaidh tionscadal trí bliana dar teideal *Tracking Irish Breeding Curlew* d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar éiceolaíocht an speicis seo atá i mbaol agus chun cuidiú leis an speiceas a chaomhnú amach anseo. Is é an Crotach an t-aon speiceas amháin de chuid na hÉireann atá ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú Dúlra (IUCN), is é sin le rá, liosta na speiceas atá faoi bhagairt. I gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta, rinne Cairde Éanlaith Éireann rialú coirbhideach ar an Charóg Liath ar mhaithe le caomhnú na bPilibíní Pórúcháin ar Thoraí. Is lapaire meánmhéide é an Pilibín agus tá sé liostaithe mar speiceas Liosta Deirge is ábhair imní ó thaobh caomhantais de in Éirinn.

Fuair an Oifig Oidhreachta €9,416 ón tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna & Fiadhúlra chun measúnachtaí gnáthóige a choimisiúnú agus chun mapáil a dhéanamh ar 15 reilig stairiúla eile atá faoi chúram Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

## Wildlife Initiatives

The Heritage Office, in partnership with BirdWatch Ireland, secured €15,154 from the National Parks & Wildlife Service for a three-year project on *Tracking Irish Breeding Curlew* to better understand this endangered species' ecology and help to conserve them in the future. The Curlew is Ireland's only red listed species on the International Union for Conservation of Nature (IUCN) list of threatened species. In partnership with the Heritage Office, BirdWatch Ireland undertook corvid control of Hooded Crows for the conservation of Breeding Lapwing on Tory Island. Lapwing is a medium-sized wader which is a red listed species under the Birds of Conservation Concern in Ireland.

The Heritage Office secured €9,416 from the National Parks & Wildlife Service to commission habitat assessments and mapping of a further 15 historic graveyards in the guardianship of Donegal County Council.

## Cláraíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall leis an Phlean um Pailneoirí Uile-Éireann

I mí na Samhna, ba í Comhairle Chontae Dhún na nGall an seachtú húdarás áitiúil déag a chláraigh leis an *Phlean um Pailneoirí Uile-Éireann*. Faoin chomhaontú, tá gealltanas tugtha ag Comhairle Chontae Dhún na nGall breithniú a dhéanamh ar bheartais, ar phleananna agus ar chinntí bainistíochta an *Phlean um Pailneoirí Uile Éireann* agus tá gealltanas tugtha roinnt gníomhartha a chur i gcrích gach bliain chun cuidiú le pailneoirí. I gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, choimircigh Oifigí Oidhreachta & Oifigí Bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil Gradam Bliantúil na nÚdarás Áitiúil i leith Pailneoirí mar chuid de chomórtas na *mBailte Slachtmhara* chun spreagadh a thabhairt do ghrúpaí áitiúla gníomhartha pailneoir-bháúla a chur i bhfeidhm ina gcuid bailte agus sráidbhailte. Bhuaigh Bailte Slachtmhara Bhun Cranncha *Gradam Náisiúnta na mBailte Slachtmhara i leith Pailneoirí* den chéad uair agus bhuaigh siad Gradam *Bailte Slachtmhara d'Údaráis Áitiúla i Leith Pailneoirí* do Réigiún an Iarthuaiscirt & an Iarthair i gCatagóir na mBailte Móra den tríú bliain i ndiaidh a chéile.

## Donegal County Council signs up to All-Ireland Pollinator Plan

Donegal County Council became the seventeenth local authority on the island of Ireland to sign-up to the *All-Ireland Pollinator Plan* in November. Under the agreement, Donegal County Council has committed to consider the *All-Ireland Pollinator Plan* in its policies, plans and management decisions and has committed to undertake a number of actions each year to help pollinators. Local Authority Heritage Offices & Biodiversity Offices, in partnership with the National Biodiversity Data Centre, sponsored the annual Local Authority Pollinator Award as part of the *Tidy Towns* competition to encourage local groups to implement pollinator-friendly actions in their towns and villages. Buncrana Tidy Towns won the *National Tidy Towns Pollinator Award* for the first time and the regional *Tidy Towns Local Authority Pollinator Award* for the North West & West Region in the Large Town Category for the third year in a row.



## Comhairle & Cúnamh maidir le Cúrsaí Oidhreachta

Chuir an Oifig Oidhreachta comhairle ar fáil d'iarratasóirí ar scéimeanna éagsúla deontais oidhreachta agus cultúir, lena n-áirítear *Scéim Deontais Cultúir & Cruthaitheachta Dhún na nGall*.

Roghnaíodh an 'Wee House' i Málainn (Seaneaglais Thobar Mhálanna) agus Grúpa Caomhantais Thobar Mhálanna mar cheann amháin de na seacht n-iarratasóir ar éirigh leo i mbliana as meas iarratasóirí as áiteanna ar fud na hÉireann faoi scéim na Comhairle Oidhreachta ar a dtugtar *Séadchomhartha a Ghlacadh faoi Chúram*. Choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta Abarta Heritage chun bheith ag obair leis an phobal áitiúil d'fhonn an láithreán oidhreachta seo a léirmhíniú, a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, chuir an Oifig Oidhreachta páirtmhaoiniúchán ar fáil le haghaidh tochailt seandálaíochta in Disert i mí an Mheithimh/mí Iúil ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, ag Grúpa Oidhreachta Disert, ag Ollscoil Stát California & ag an Institiúid Taighde Allamuigh agus ar mhaithe le Féile Cloiche Thír Chonaill in Ard an Rátha i mí an Mheithimh, ar féile í a d'eagraigh Cumann Ballaí Cloch Singil na hÉireann.

## Heritage Advice & Assistance

The Heritage Office provided advice to applicants to various heritage and culture grant schemes including the Donegal Culture & Creativity Grants Scheme.

The 'Wee House' at Malin (Malin Well Old Church) and the Malin Well Conservation Group were selected as one of this year's seven successful applicants from across Ireland under the Heritage Council's *Adopt a Monument* scheme. Abarta Heritage has been commissioned by The Heritage Council to work with the local community to interpret, conserve and promote this heritage site.

As part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan, the Heritage Office provided part-funding for an archaeological excavation at Disert in June – July by the Sligo Institute of Technology, Disert Heritage Group, California State University & Institute of Field Research and for the Tír Chonaill Stone Festival in Ardara in June organised by the Dry Stone Wall Association of Ireland.

*Sa phictiúr seo a glacadh i mBun Cranncha ag searmanas sínithe nuair a chláraigh Comhairle Chontae Dhún na nGall leis an bPlean Uile Éireann um Pailneoirí tá (ina suí sa chéad líne ó chlé go deas): Dermot Mc Laughlin, An Comh. Nicholas Crossan (Cathaoirleach, Comhairle Chontae Dhún na nGall), Joe Peoples (Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Dhún na nGall) agus an Comh. Rena Donaghey. An líne deiridh (ó chlé go deas): Willie McKinney, Dolores Barber, Cora McLaughlin, Bogdan Moilon, Colm Grant, Annette McNellis, Jimmy O'Neill, Ann Doherty, Deidre Mullally, George McDermott, Liam McDaid, Barry Doherty, Karl King & Seamus Hopkins*
Grianghraf: Joseph Gallagher

*Pictured in Buncrana at the signing ceremony of Donegal County Council signing up to the All-Ireland Pollinator Plan are (front row seated from left to right): Dermot Mc Laughlin, Cllr. Nicholas Crossan (Cathaoirleach, Donegal County Council), Joe Peoples (Director of Service, Donegal County Council) & Cllr. Rena Donaghey. Back row (from left to right): Willie McKinney, Dolores Barber, Cora McLaughlin, Bogdan Moilon, Colm Grant, Annette McNellis, Jimmy O'Neill, Ann Doherty, Deidre Mullally, George McDermott, Liam McDaid, Barry Doherty, Karl King & Seamus Hopkins*
Photograph: Joseph Gallagher

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| ASD | Speictream an Uathachais |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| CINE | Cultúr i dTimpeallacht an Tuaiscirt |
| Clr | Comhairleoir (de chuid Chontae Dhún na nGall) |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna (Dhún na nGall) |
| FAI | Cumann Peile na hÉireann |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| HSCL | Teagmháil Bhaile, Scoile agus Phobail |
| IT | Teicneolaíocht Faisnéise |
| IUCN | Liosta Dearg an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú Dúlra |
| LGARM | na Cartlannaithe agus na mBainisteoirí Taifead Rialtais Áitúil |
| LYIT | Institúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| MoLI | Mhúsaem Beag Bhaile Átha Cliath |
| RCC | An tIonad Cultúrtha Réigiúnach |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann |
| SCP | An Clár Críochnaithe Scolaíochta |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh |

# Acronyms

| | |
|---|---|
| ASD | Autism Spectrum Disorder |
| CINE | Culture In a Northern Environment |
| Cllr | (Donegal County) Councillor |
| CPD | Continuous Professional Development |
| DMEP | Donegal Music Education Partnership |
| ESB | Electricity Supply Board |
| ETB | (Donegal) Education and Training Board |
| EU | European Union |
| FAI | Football Association of Ireland |
| HSCL | Home School Community Liaison |
| HSE | Health Service Executive |
| IAF | Irish Architecture Foundation |
| IT | Information Technology |
| IUCN | International Union for Conservation of Nature |
| LGARM | Local Government Archivists and Records Managers |
| LYIT | Letterkenny Institute of Technology |
| MoLI | Museum of Literature Ireland |
| PSC | Public Services Centre |
| RCC | Regional Cultural Centre |
| Read DL | Read Donegal (community reading project) |
| RTE | Raidió Teilifís Éireann |
| SCP | School Completion Programme |
| TUSLA | Child and Family Agency |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| UK | United Kingdom |



Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council